

bí *be*bí *be (gives an order to one person)*ná bí *don't be (one person)*bí *be (gives an order to more than one person)*ná bí *don't be (more than one person)*dána *bold*
ciúin *quiet*

Ná bí dána anois.



Ná bí dána anois.



Ná bí i bhfad anois.



Ná bí i bhfad anois.



Ná bí ag troid anois.



Ná bí ag troid anois.

Bígí ciúin anois, a leanaí.
Bí go maith anois, a Sheáin.
Ná bí ag caint ag an mbéile.
Bígí ar ais go luath anois.
Bígí ag imeacht anois.
Bígí anseo ar a dó a chlog.

Be quiet now, children.
Be good now, Seán.
Don't be talking during the meal.
Be back early now.
Be off with you now.
Be here at two o'clock.

libh *with you (more than one person)*

cártaí *cards* ar mhaith libh? *would you like?*
cluiche cártaí *a game of cards* tabhair amach iad *deal them*



A GAME OF CARDS

Nóra suggests a game of cards for the children.

NÓRA Ar mhaith libh cluiche cártaí a imirt, a leanaí?
MÁIRE Ba mhaith, cinnte. Faigh thusa na cártaí, a Sheáin.
SEÁN Faigh féin iad.
NÓRA Ná habair go bhfuil sibh ag troid! Bígí go maith anois.
MÁIRE Níl a fhios agam cá bhfuil siad. Ní fhaca mé le tamall iad.
SEÁN Is dóigh liom go bhfaca mé thuas anseo iad. Seo iad.
MÁIRE An bhfuair tú iad? Maith thú. Tabhair amach mar sin iad.

NÓRA *Would you like to play a game of cards, children?*
MÁIRE *Yes, indeed. You get the cards, Seán.*
SEÁN *Get them yourself.*
NÓRA *Don't say you're fighting! Be good now.*
MÁIRE *I don't know where they are. I didn't see them for a while.*
SEÁN *I think I saw them up here. Here they are.*
MÁIRE *Did you get them? Good. Deal them, so.*

cé? who?
cén N a bhí ann? what N was it (was there)?

an Satharn (a) Saturday sagart paróiste a parish priest
garda a guard sairsint a sergeant



Cén t-am den lá a bhí ann?
A trí a chlog.



Cén lá a bhí ann?
An Satharn.



Cén duine a bhí ann?
Seán.



Cén rud a bhí ann?
An madra.



Cén sagart a bhí ann?
An sagart paróiste.



Cén garda a bhí ann?
An sairsint.

Cén duine a d'imigh amach ansin? Who went off out then?
Cén lá a chuir tú ann iad? What day did you put them there?
Cén uair a chonaic tú iad? What time did you see them?
Cén rud a dúirt tú? What did you say?
Cén cluiche ba mhaith leat a imirt? What game would you like to play?
Cén duine atá tinn? What person is ill?

chuige to him

timpeall around, about ainm a name
i gcónaí always nua new
tráthnóna inniu this evening cibé ainm atá air whatever his name is



ILLNESS

Pádraig wonders if Nóra has heard how Séamas is.

PÁDRAIG Ar chuala tú cén chaoi a bhfuil Séamas inniu?
NÓRA Níor chuala, ach chonaic mé an dochtúir ag dul siar chuige.
PÁDRAIG Cén uair a chuaigh sé siar?
NÓRA Tráthnóna inniu. Timpeall a trí a chlog, is dócha.
PÁDRAIG Cén dochtúir a bhí ann?
NÓRA An dochtúir nua sin, cibé ainm atá air.
PÁDRAIG Is ea, eisean a théann i gcónaí anois chuige.
PÁDRAIG Did you hear how Séamas is today?
NÓRA No, but I saw the doctor going over to him.
PÁDRAIG What time did he go over?
NÓRA This evening. About three o'clock, I suppose.
PÁDRAIG Which doctor was it?
NÓRA That new doctor, whatever his name is.
PÁDRAIG Oh, yes, he always goes to him now.

céard? *what?*céard é? *what is it?*céard a rinne tú? *what did you do?*céard é sin? *what's that?*céard a tharla? *what happened?*

Céard a dúirt tú?



Céard a rinne tú?



Céard a chonaic tú?



Céard a chuala tú?



Céard a d'ith tú?



Céard a d'ól tú?

Céard a tharla duit?

What happened to you?

Céard a dúirt an máistir leat?

What did the master say to you?

Céard a chuir tú isteach ansin?

What did you put in there?

Céard a fuair tú ón siopa?

What did you get from the shop?

Céard a thug an duine sin duit?

What did that person give you?

Céard a chaith tú amach an t-am sin?

*What did you throw out that time?*uaim *from me*ort *on you*leis *with it (him)*peann luaidhe *a pencil*thóg N *N took*

AN ARGUMENT

The children are at lessons, and mammy puts a stop to an argument which develops.

NÓRA Céard atá ort anois, a Sheáin?

SEÁN Thóg Máire mo pheann luaidhe uaim.

NÓRA An bhfuil a pheann luaidhe agat, a Mháire?

MÁIRE Níor thóg mé uaidh é. Thug sé dom é.

NÓRA Céard a rinne tú leis, más ea?

MÁIRE D'fhág mé ar an mbord é.


NÓRA Faigh anois é agus ná bí ag troid.

NÓRA *What's wrong with you now, Seán?*SEÁN *Máire took my pencil from me.*NÓRA *Have you his pencil, Máire?*MÁIRE *I didn't take it from him. He gave it to me.*NÓRA *What did you do with it, so?*MÁIRE *I left it on the table.*NÓRA *Get it now, and don't be fighting.*


beidh *will be*
ní bheidh *won't be*

dorcha *dark*
geal *bright*

amárach *tomorrow*
ar ball *bye and bye, later on*



Beidh sé fliuch ar ball.



Beidh sé tirim ar ball.




Beidh sé fuar ar ball.



Beidh sé te ar ball.



Beidh sé dorcha ar ball.



Beidh sé geal ar ball.

Ní bheidh sé fliuch amárach, le cuidiú Dé.

It won't be wet tomorrow, please God.

Beidh sé anseo amárach, is dócha.

He'll be here tomorrow probably.

Ní bheidh aon duine ansin ar a seacht a chlog.

No one will be there at seven o'clock.

Céard a bheidh agat?

What will you have?

Ní bheidh aon cheann anois agam.

I won't have any one now.

Beidh ceann eile agat ar ball.


You'll have another one later on.

cinnte *certainly, sure*

gur chuala tú *that you heard*

bí cinnte *be sure*

b'fhearr liom *I would prefer*



A CUP OF TEA

Máire hears her mother offer her father a cup of tea, and puts in a word for herself.

NÓRA Ar mhaith leat cupán tae, a Phádraig?

PÁDRAIG Ba mhaith, cinnte, má tá sé déanta agat.

MÁIRE Céard a dúirt tú le daidí, a mhamáí?

NÓRA Bí cinnte gur chuala tú mé!

MÁIRE Beidh cupán tae agamsa freisin.

PÁDRAIG Tá tú róbhéag fós. Beidh gloine bhainne agat, b'fhéidir.

MÁIRE Ach b'fhearr liom cupán tae.

NÓRA *Would you like a cup of tea, Pádraig?*

PÁDRAIG *I would indeed, if you have it made.*

MÁIRE *What did you say to daddy, mammy?*

NÓRA *Be sure you heard me!*


MÁIRE *I'll have a cup of tea also.*

PÁDRAIG *You're too small yet. You'll have a glass of milk, perhaps.*

MÁIRE *But I'd prefer a cup of tea.*

againn at us
beidh X againn we shall have X

feoil meat	iasc fish
caoireoil mutton	mairteoil beef
muiceoil pork	bagún bacon



Beidh feoil againn amárach.



Beidh iasc againn amárach.



Beidh caoireoil againn amárach.



Beidh mairteoil againn amárach.




Beidh muiceoil againn amárach.



Beidh bagún againn amárach.

Céard a bheidh againn inniu?	What shall we have today?
Bhí iasc againn inné.	We had fish yesterday.
Bhí cluiche cártaí againn aréir.	We had a game of cards last night.
Cén lá atá ann inniu?	What day is today?
Níl scéala ar bith againn.	We have no news.
Beidh siad againn ar ball.	We shall have them soon.

le haghaidh an dinnéir	for dinner	ag argóint	arguing
is cuma liom	I don't care	ná	than



ANOTHER ARGUMENT

The children argue about what they would like for dinner.

SEÁN	Céard a bheidh againn le haghaidh an dinnéir inniu, a mhamáí?
NÓRA	Beidh bagún againn, is dócha.
SEÁN	Ní maith liom bagún. Bhí sé againn inné.
MÁIRE	B'fhearr liomsa bagún ná rud ar bith eile.
SEÁN	Is cuma liom céard ba mhaith leatsa.
NÓRA	Bígí go maith anois agus ná bígí ag argóint. Bagún a bheidh againn, cibé ar bith.
SEÁN	What will we have for dinner today, mammy?
NÓRA	We'll have bacon, probably.
SEÁN	I don't like bacon. We had it yesterday.
MÁIRE	I'd prefer bacon to anything else.
SEÁN	I don't care what you would like.
NÓRA	Be good now and don't be arguing. Bacon we'll have anyway.

cuir put
ná cuir don't put

Similarly

gabh go	stop stop
féach look	inis tell
fan wait, stay	coinnigh keep



Gabh amach nuair a deirim leat é. Stop nuair a deirim leat é.



Féach céard a rinne tú anois.



Inis dom céard a rinne tú anois.



Fan cúpla nóiméad eile.



Coinnigh é cúpla nóiméad eile.

Ná cuir do bhróga ar an gcathaoir. Don't put your shoes on the chair.

Ná fan rófhada san áit sin. Don't stay too long in that place.

Ná féach ar an gceann sin, más é do thoil é. Don't look at that one, please.

Féach ar an bhfear atá ag imeacht soir an bóthar. Look at the man going over the road.

Ná coinnigh é rófhada anois. Don't keep it too long now.

Ná hinis d'aon duine céard a dúirt mé. Don't tell anyone what I said.

níos fearr better

úr fresh, new	bagún bacon
timpeall about	aon bhagún any bacon
ar ball later on, bye and bye	píosa bagúin a piece of bacon



SHOPPING

Nóra is looking for a nice piece of bacon, but Cáit's stocks are low.

NÓRA Ba mhaith liom píosa deas bagúin freisin, más é do thoil é.

CÁIT Féach ar an bpíosa seo. Ar mhaith leat é?

NÓRA Níl an píosa sin rómhaithe. An bhfuil píosa níos fearr agat?

CÁIT Níl aon bhagún eile againn anois. Ach beidh bagún úr ag teacht isteach ar ball.

NÓRA Tá go maith. Coinnigh píosa deas dom mar sin.

CÁIT Cinnte. Beidh sé againn timpeall a haon déag, is dócha.

NÓRA Ceart go leor. Is féidir le Seán é a fháil dom. Níl sé ar scoil inniu.

NÓRA I would like a nice piece of bacon also, please.

CÁIT Look at this piece. Would you like it?

NÓRA That piece isn't too good. Have you a better piece?

CÁIT We have no other bacon now. But fresh bacon will be coming in later on.

NÓRA Good. Keep me a nice piece, so.

CÁIT Certainly. We'll have it at about eleven, probably.

NÓRA Right. Seán can get it for me. He's not at school today.

cén X? *what X?*cén fáth? *why? (what reason?)*cén chaoi? *how? (what way?)*cén t-ainm? *what name?*cén uair? *when? (what time?)*cén áit? *where? (what place?)*cén luach? *how much? (what price?)*

Cén fáth ar tháinig tú?



Cén uair a tháinig tú?



Cén chaoi a bhfuil tú?



Cén áit a bhfuil tú?



Cén t-ainm atá air?



Cén luach atá air?

Cén píosa cáca ab fhearr leat?

Which piece of cake would you prefer?

Cén ceann a bheidh againn amárach?

Which one shall we have tomorrow?

Cén fáth a bhfuil sé chomh mall?

Why is he so late?

Cén rud atá anseo againn?

What have we got here?

Cén duine a tháinig isteach cúpla nóiméad ó shin?

Who came in a couple of minutes ago?

Cén uair a bheidh an dinnéar againn?

*What time shall we have dinner?*uait *from you*an Chéadaoin (a) *Wednesday*Satharn *Saturday*cén rud atá uait? *what do you want?*fanfaidh mé *I'll wait*

VISITING TOWN

At breakfast Nóra broaches the possibility of going to town.

NÓRA Cén lá atá ann inniu ar chor ar bith?

PÁDRAIG Inniu an Chéadaoin. Cén fáth?

NÓRA Ba mhaith liom dul go dtí an baile mór lá éigin.

PÁDRAIG Cén rud atá uait anois?

NÓRA Caithfidh mé éadaí a cheannach.

PÁDRAIG Nach féidir leat dul ann inniu?

NÓRA Fanfaidh mé go Satharn, is dóigh liom.

NÓRA *What day is today, at all?*PÁDRAIG *Today is Wednesday. Why?*NÓRA *I'd like to go to town some day.*PÁDRAIG *What do you want now?*NÓRA *I must buy clothes.*PÁDRAIG *Can't you go today?*NÓRA *I'll wait until Saturday, I think.*

an bhfuil siad déanta agat ? *have you done them ?*
 tá siad déanta agam *I have done them*

caillte *lost*
 briste *broken*
 scríofa *written*

faighte *found, got*
 críochnaithe *finished*
 ráite *said*



An bhfuil siad caillte agat ?



An bhfuil siad faighte agat ?



An bhfuil siad briste agat ?



An bhfuil siad críochnaithe agat ?



An bhfuil siad scríofa agat ?



An bhfuil siad ráite agat ?

Tá sé ráite agam anois !
 Beidh siad críochnaithe agam ar ball.

Níl an obair déanta aige fós.

Cén rud atá caillte agat ?

Féach céard atá scríofa aige !

An bhfuil feoil faighte le haghaidh an dinnéir ?

*I've said it now !
 I shall have them finished later on.*

He hasn't done the work yet.

What have you lost ?

Look what he has written !

Has meat been got for the dinner ?

an chéad uair eile *next time*

ag iascaireacht *fishing*

éisc *(of) fish*

mharaigh *killed, caught (of fish)*

breac *a trout*

abhainn *a river*



FISHING

Pádraig is proud of the fine trout he has caught.

PÁDRAIG Féach céard atá faighte agam, a Nóra !

NÓRA Iasc mór ! Cén áit a bhfuair tú é ?

PÁDRAIG Mharaigh mé san abhainn é, ar ndóigh.

NÓRA Go maith. Beidh sé againn le haghaidh an dinnéir amárach.

MÁIRE Cén sórt éisc é, a dhaidí ?

PÁDRAIG Is breac é. Nach bhfuil sé breá mór ?

SEÁN Ba mhaith liom dul ag iascaireacht leat an chéad uair eile, a dhaidí.

PÁDRAIG Look what I've got, Nóra !

NÓRA A big fish ! Where did you get it ?

PÁDRAIG I caught it in the river, of course.

NÓRA Good. We'll have it for dinner tomorrow.

MÁIRE What kind of fish is it, daddy ?

PÁDRAIG It's a trout. Isn't it fine and big ?

SEÁN I'd like to go fishing with you next time, daddy.

CEACHT 69

	an mbeidh N?	<i>will N be?</i>
	go ceann	<i>until the end (of), for</i>
nóiméid	(of) a minute	tamaill (of) a while
seachtaine	(of) a week	coicise (of) a fortnight
míosa	(of) a month	bliana (of) a year



Nach mbeidh tú anseo go ceann nóiméid?



Nach mbeidh tú anseo go ceann tamaill?



Nach mbeidh tú anseo go ceann seachtaine?



Nach mbeidh tú anseo go ceann coicise?



Nach mbeidh tú anseo go ceann míosa?



Nach mbeidh tú anseo go ceann bliana?

Beidh mé anseo go ceann tamaill anois.

I shall be here for a while now.

Ní bheidh mé ar ais ag obair go ceann seachtaine.

I shall not be back at work for a week.

Nach mbeidh siad ag fanacht anseo go ceann míosa?

Won't they be staying here for a month?

Ní bheidh aon duine ann go ceann coicise.

No one will be there for a fortnight.

Ní bheidh sé críochnaithe aige go ceann tamaill.

He won't have it finished for a while.

Cén luach atá scríofa air?

What price is written on it?

caithfidh *we must, we will have to*

bruite

cooked


foighne

patience

ar aon chuma

anyway

foighne ort! *have patience!*



A HUNGRY BOY

Seán is hungry, but his mother is quite prepared to delay dinner until father arrives.

SEÁN Nach bhfuil an dinnéar réidh fós, a mhamaí?

NÓRA Ní bheidh sé réidh go ceann tamaill eile.

SEÁN Cén fáth, a mhamaí?

NÓRA Níl an t-iasc bruite fós. Caithfidh fanacht le daidí, ar aon chuma.

MÁIRE Ní bheidh seisean ag teacht abhaile go ceann tamaill.

SEÁN Gabh amach agus féach an bhfuil sé ag teacht.

NÓRA Foighne ort! Beidh sé ag teacht ar ball.

SEÁN Isn't dinner ready yet, mammy?

NÓRA It won't be ready for another while.

SEÁN Why, mammy?

NÓRA The fish isn't done yet. We must wait for daddy, anyway.

MÁIRE He won't be coming home for a while.

SEÁN Go out and see if he's coming.

NÓRA Have patience! He'll be coming bye and bye.

	thosaigh N	N began
	lean N	N continued
thosaigh mé	<i>I began</i>	ar thosaigh tú? <i>did you begin?</i>
níor thosaigh mé	<i>I didn't begin</i>	nár thosaigh tú? <i>didn't you</i>
ag éirí	<i>getting up,</i>	<i>begin?</i>
	<i>rising</i>	ag fás <i>growing</i>



Níor thosaigh siad ag éirí fós.



Níor thosaigh siad ag fás fós.



Níor thosaigh siad ag teacht fós.



Níor thosaigh siad ag imeacht fós.



Níor thosaigh siad ag ithe fós.



Níor thosaigh siad ag damhsa fós.

Nár thosaigh na fir ag obair fós?	<i>Didn't the men begin to work yet?</i>
Níor lean sé air ag caint ansin.	<i>He didn't continue talking then.</i>
Lean Tomás de bheith ag ithe a bhriceasta.	<i>Tomás continued eating his breakfast.</i>
Lean sé de bheith ag ól.	<i>He continued drinking.</i>
Níor lean sibh i bhfad den obair.	<i>You didn't continue working for long.</i>
Nach ndeachaigh tú ag imirt leo?	<i>Didn't you go playing with them?</i>

thiar *west, back there*

taobh thiar de	<i>behind</i>	ag baint	<i>cutting</i>
ag baint féir	<i>cutting grass</i>	b'fhéidir gur	<i>perhaps (it) is</i>



LOOKING FOR DADDY

Seán wonders where daddy has got to.

SEÁN	Cá bhfuil daidí, an bhfuil a fhios ag aon duine?
NÓRA	Thosaigh sé ag obair amuigh ansin tar éis an dinnéir.
SEÁN	Cén áit, an dóigh leat?
NÓRA	Sa pháirc taobh thiar den teach, sílim.
MÁIRE	Bhí sé ag baint féir ansin tamall ó shin.
SEÁN	Ní fheicim thiar sa pháirc anois é.
NÓRA	Is dócha go bhfuil an obair sin críochnaithe aige anois. B'fhéidir gur sa ghairdín atá sé.
SEÁN	Where's daddy, does anyone know?
NÓRA	He began work outside there after dinner.
SEÁN	Where, do you think?
NÓRA	In the field behind the house, I think.
MÁIRE	He was cutting grass there a while ago.
SEÁN	I don't see him back there in the field now.
NÓRA	I suppose he has finished that work now. Perhaps he's in the garden.

ar feadh *during, for*abhus *over here, on this side*
d'fhan N *N stayed, remained*thall *over there, on the other side*
seas *stand*

D'fhan siad abhus anseo ar feadh seachtaine.



D'fhan siad thall ansin ar feadh seachtaine.



D'fhan siad abhus anseo ar feadh coicíse.



D'fhan siad thall ansin ar feadh coicíse.



D'fhan siad abhus anseo ar feadh míosa.



D'fhan siad thall ansin ar feadh míosa.

Thall agus abhus.

Fan abhus liom go ceann tamaill.

*Here and there.**Stay on this side with me for a while.*

Caithfidimid fanacht abhus anseo anois.

We'll have to stay over here now.

Seas abhus anseo go ceann nóiméid.

Stand over here on this side for a minute.

Bhí sé ag baint féir abhus anseo inné.

He was cutting grass over on this side yesterday.

Fan thall ag an doras go ceann tamaill.

*Wait over there at the door for a while.*bíodh *let there be*ná bíodh *let there not be*an tsláinte *the health*deifir *hurry*i gceann *at the end (of), after*tosóidh *will begin*

RECOVERED

Cáit welcomes Séamas back to her shop after his illness.

CÁIT Maise, fáilte romhat ar ais, a Shéamais!

SÉAMAS Go raibh maith agat, a Cháit.

CÁIT Is fada anois ó bhí tú abhus anseo sa siopa.

SÉAMAS Is fada, cinnte. Ní raibh an tsláinte go rómhaith agam.

CÁIT Beidh tú níos fearr anois nuair atá an geimhreadh thart.

SÉAMAS Beidh, le cuidiú Dé. Tosóidh mé ag obair arís i gceann seachtaine.

CÁIT Ná bíodh aon deifir ar ais ag obair ort.

CÁIT Indeed, you're welcome back, Séamas!

SÉAMAS Thanks, Cáit.

CÁIT It's a long time now since you were over here in the shop.

SÉAMAS It is, indeed. My health wasn't too good.

CÁIT You'll be better now that winter is over.

SÉAMAS I will, please God. I will begin work again after a week.

CÁIT Don't be in any hurry back to work.

ina luí *lying, in bed*ar an talamh *on the ground*ar an bhféar *on the grass*ar an trá *on the strand*ar an gcarraig *on the rock*ar an sliabh *on the mountain*ar an gcnoc *on the hill*

Tá sé ina luí ar an talamh.



Tá sé ina luí ar an bhféar.



Tá sé ina luí ar an trá.



Tá sé ina luí ar an gcarraig.



Tá sé ina luí ar an sliabh.



Tá se ina luí ar an gcnoc.

Cá raibh sé ina luí?


Bhí sé ina luí ag an doras.

Cé a bhí ina luí ansin?

Bhí sé ina luí taobh thiar den doras.

Fuair mé ina luí ar an talamh é.

D'fhan sé ina luí lá nó dhó.

*Where was he lying?**It was lying at the door.**Who was lying there?**It was lying behind the door.**I found it lying on the ground.**He stayed in bed for a day or two.*níos fearr *better*ar feadh tamaill *for a while*
(*in the past*)abair é! *say it! (that's right!)*

GOSSIP

Nóra has finished her shopping and Cáit introduces the topic of Séamas's health.

CÁIT An bhfuil aon rud eile uait anois, a Nóra?

NÓRA Is dóigh liom go bhfuil gach rud faighte agam anois.

CÁIT Bhí Séamas abhus anseo inné. Tosóidh sé ag obair arís i gceann seachtaine eile.

NÓRA Is maith sin. Bhí sé ina luí ar feadh tamaill fhada.

CÁIT Bhí, maise. Ach tá sé níos fearr anois.

NÓRA Is maith an rud an tsláinte a bheith ag duine.

CÁIT Abair é! Níl rud níos fearr ná í.

CÁIT Do you want anything else now, Nóra?

NÓRA I think I have got everything now.

CÁIT Séamas was over here yesterday. He'll begin work again after another week.

NÓRA That's good. He was in bed for a long time.

CÁIT He was indeed. But he's better now.

NÓRA It's a great thing to have your health.

CÁIT That's right. There's nothing better than it.

leath *a half*

pingin *a penny*
 punt *a pound*
 nóiméad *a minute*

coróin *a crown*
 cloch *a stone*
 uair *an hour*

déanfaidh *will do, will make*
 déanfaidh sé gnó *it will do, it will be sufficient*



Déanfaidh leathphingin gnó.



Déanfaidh leathchoróin gnó.



Déanfaidh leathphunt gnó.



Déanfaidh leathchloch gnó.



Déanfaidh leathnóiméad gnó.




Déanfaidh leathuair gnó.

Déanfaidh sé seo gnó.
 Déanfaidh rud ar bith gnó.
 Déanfaidh an ceann sin ar an talamh gnó.
 Ní dhéanfaidh punt amháin gnó.
 Déanfaidh an leathchoróin gnó go ceann tamaill.
 An ndéanfaidh ceann amháin gnó?

This will suit.
Anything at all will do.
That one on the ground will do.
One pound will not do.
The half-crown will do for a while.
Will one do?

le (with), for

le cúpla lá *for a couple of days* scéala *news*
 (past) as baile *away from home*
 ná *nor*



BACK AGAIN!

Pádraig is glad to see Séamas return to his old haunts.

PÁDRAIG Maise, fáilte romhat ar ais, a Shéamais.
 SÉAMAS Go raibh maith agat. An bhfuil scéala ar bith agat?
 PÁDRAIG Níl ná scéala. An mbeidh pionta agat?
 SÉAMAS Ní bheidh ná pionta. Déanfaidh leathphionta gnó.
 PÁDRAIG A Cháit, tabhair leathphionta do Shéamas, más é do thoil é.
 SÉAMAS Bhí mé abhus anseo tráthnóna, ach ní fhaca mé thú.
 PÁDRAIG Ní raibh mé anseo le cúpla lá. Bhí mé as baile le tamall.
 PÁDRAIG Welcome back, Séamas.
 SÉAMAS Thanks. Any news?
 PÁDRAIG No indeed. Will you have a pint?
 SÉAMAS I will not, then. Half a pint will do me.
 PÁDRAIG Cáit, give Séamas half a pint, please.
 SÉAMAS I was over here this evening, but I didn't see you.
 PÁDRAIG I wasn't here this couple of days. I was away from home a while.

le (déanamh) to (do), to be (done)

le fáil to get, to be got

le cur to plant, to be planted

le díol to sell, to be sold

le feiceáil to see, to be seen

le baint to reap, to be reaped

le ceannach to buy, to be bought

ní bheidh sé le fáil againn

we won't be able to get it,
we won't have to get itNí bheidh sé le fáil againn go
ceann seachtaine eile.Ní bheidh sé le feiceáil againn go
ceann seachtaine eile.Ní bheidh sé le cur againn go
ceann seachtaine eile.Ní bheidh sé le baint againn go
ceann seachtaine eile.Ní bheidh sé le díol againn go
ceann seachtaine eile.Ní bheidh sé le ceannach againn
go ceann seachtaine eile.

Ní raibh pingin le fáil agam.

Tá cúpla ceann le díol aige fós.

Tá an féar le baint.

Nach bhfuil aon rud eile le
déanamh agat?

Céard atá le rá agat anois?

Tá cúpla punt eile le díol agat
fós.

I couldn't get a penny.

He has a couple to sell yet.

The grass is to be cut.

Have you nothing else to do?

What have you to say now?

You have another couple of
pounds to pay yet.

tabharfaidh

will give, will bring

an dtabharfaidh N? will N give? will N bring?

leathbhróg one boot (of a
pair), one shoe

le deisiú to mend, to be mended

Dé Sathairn seo chugainn

next Saturday

déanfaidh sé sin gnó

that will do

chuig to

an gréasaí the shoemaker



SHOES TO MEND

Nóra notices that Pádraig's shoe requires mending.

PÁDRAIG An dtabharfaidh tú na bróga sin dom, más é do thoil é?

NÓRA Feicim go bhfuil an leathbhróg seo caite.

PÁDRAIG Tá, maise. Tá an dá cheann le deisiú, féach.

NÓRA Beidh siad le cur chuig an ngréasaí, is dócha.

PÁDRAIG Beidh. An mbeidh aon duine ag dul an bealach sin go
luath?

NÓRA Tabharfaidh Seán chuige iad Dé Sathairn seo chugainn.

PÁDRAIG Déanfaidh sé sin gnó.

PÁDRAIG Will you give me those shoes, please?

NÓRA I see this shoe is worn.

PÁDRAIG It is, indeed. Both of them need mending, look.

NÓRA They'll have to be sent to the shoemaker, I suppose.

PÁDRAIG They will. Will anyone be going in that direction soon?

NÓRA Seán will bring them to him next Saturday.

PÁDRAIG That will do.

chuala sé *he heard*d'fhan sé *he waited*rug sé ar *he caught*an luch *the mouse*
an poll *the hole*mharaigh sé *he killed, caught*
(*a fish*)d'fhág sé *he left*d'ith sé *he ate*ar an urlár *on the floor*
ag an bpoll *at the hole*

Chuala an cat an luch ag teacht.

D'fhan sé ag an bpoll.



Rug sé ar an luch.



Mharaigh sé í.



D'fhág sé ar an urlár í.



D'ith sé ansin í.

Ar chuala tú an luch aréir ?

Did you hear the mouse last night ?

Cé a mharaigh an t-iasc sin ?

Who caught that fish ?

Cé a d'fhág an bhróg ar an urlár ?

Who left the boot on the floor ?


D'fhág sé agam é lena dhíol.

He left it with me to be sold.

D'fhan sé abhus ar feadh cúpla lá.

He stayed on this side for a couple of days.

D'ith sé tar éis tamaill é.

*He ate it after a while.*agaibh *at you (more than one person)*agaibhse *ditto (emphatic)*na luch *the mice*cáise *(of) cheese*na francaigh *the rats*mo léan ! *alas ! goodness !*

MICE

Cát is annoyed to find the mice have been at the cheese in the shop.

NÓRA An dtabharfaidh tú leathphunt cáise dom freisin, más é do thoil é ?

CÁIT Tabharfaidh, cinnte. Mo léan ! féach an píosa seo ite ag na luch.

NÓRA Tá na luch le fáil i ngach áit, maise.

CÁIT An bhfuil siad sa teach agaibhse freisin ?

NÓRA Tá, cinnte. Mharaigh an cat dhá cheann le cúpla lá.

CÁIT Rug mé ar chúpla ceann anseo freisin an tseachtain seo.

NÓRA Beidh siad ann i gcónaí. Is fearr iad ná na francaigh, ar aon chuma.

NÓRA *Will you give me a half pound of cheese also, please ?*CÁIT *I will, surely. Goodness ! look at this piece eaten by mice.*NÓRA *The mice are everywhere, indeed.*CÁIT *Have you got them in the house too ?*NÓRA *We have, indeed. The cat killed two in the last couple of days.*CÁIT *I caught a couple here too this week.*NÓRA *They'll be always there. They are better than the rats, anyway.*

táim (=tá mé) *I am*
 nílím (=níl mé) *I am not*

chomh ramhar le *as fat as* chomh tanaí le *as thin as*
 chomh leathan le *as broad as* chomh caol le *as slender as*
 chomh sean le *as old as* chomh hóg le *as young as*



Nílím chomh ramhar leis-sean.




Nílím chomh tanaí leis-sean.



Nílím chomh leathan leis-sean.



Nílím chomh caol leis-sean.



Nílím chomh hóg leis-sean.



Nílím chomh sean leis-sean.

Táim chomh maith le duine ar bith eile. *I'm as good as anyone else.*
 Tá tú chomh mór leis an teach. *You're as big as the house.*
 Nílím chomh dona sin anois. *I'm not that bad now.*
 Tá siad chomh hard le crann. *They're as tall as a tree.*
 Tá sé chomh te leis an samhradh. *It's as warm as summer.*
 Níl aon duine chomh maith leat féin. *There's no one as good as yourself.*

don bheirt agaibh *to you both* stopaigí *stop (more than one person)*

buille *a slap, a blow* argóint *an argument*



MORE ARGUMENTS

Nóra makes peace between the children who are arguing about lessons.

NÓRA Cén argóint atá ar siúl anois? Nach bhfuil ceachtanna le déanamh agaibh?

SEÁN Dúirt sí go raibh mo leabhar salach. Agus níl.

MÁIRE Tá sé salach. Féach air sin, a mhamái.

SEÁN Tá sé chomh glan le do cheannsa.

MÁIRE Agus fuair tú buille inné mar bhí do cheachtanna salach agat.

SEÁN Táim chomh maith leatsa, cibé ar bith.

NÓRA Stopaigí anois nó tabharfaidh mise buille don bheirt agaibh.

NÓRA *What arguing is going on now? Haven't you lessons to do?*

SEÁN *She said my book was dirty. And it's not.*

MÁIRE *It is dirty. Look at that, mammy.*

SEÁN *It's as clean as yours.*

MÁIRE *And you got a slap yesterday because your exercise was dirty.*

SEÁN *I'm as good as you, anyway.*

NÓRA *Stop now or I'll slap both of you.*


cuireadh *was put*
tógadh *was taken*

ar cuireadh N ? *was N put ? etc.*

bonn *a base, tyre, sole*
péint *paint*
cos *a foot, handle*



Cuireadh bonn úr air.



Cuireadh péint úr air.



Cuireadh cos úr ann.

Cuireadh poll mór ann.

Ar cuireadh na bróga chuig
an ngréasaí ?

Níor cuireadh fós iad.

Briseadh an ceann sin cúpla lá
ó shin.

Níor tógadh as an mála é.

Tugadh cúpla pingin don fhear
bocht.


briseadh *was broken*
tugadh *was given*

níor cuireadh N *N was not put,*
etc.


barr *top*
páipéar *paper*
taobh *a side*



Cuireadh barr úr air.



Cuireadh páipéar úr air.



Cuireadh taobh úr ann.

A big hole was put in it.
Were the shoes sent to the
shoemaker ?

They weren't sent yet.

That one was broken a couple of
days ago.


It wasn't taken out of the bag.

The poor man was given a couple
of pence.

chuig *to*

roth *a wheel*
roth breise *a spare wheel*

chuig an ngaráiste *to the garage*
crua *hard*



A PUNCTURE

Pádraig is working on the car and Seán comes to help.

SEÁN Céard a tharla don charr, a dhaidí ?

PÁDRAIG Tháinig poll sa roth agus tá sé le deisiú.

SEÁN An féidir leat féin é a dhéanamh ?

PÁDRAIG Ní féidir, maise. Tabharfaidh mé chuig an ngaráiste é.

SEÁN An féidir liom cuidiú leat ?

PÁDRAIG Tóg amach an roth breise, mar a dhéanfaidh buachaill
maith.

SEÁN Seo é. Tá sé crua go leor, cibé ar bith.

SEÁN *What happened to the car, daddy ?*

PÁDRAIG *The wheel got punctured and requires mending.*

SEÁN *Can you do it yourself ?*

PÁDRAIG *Indeed I can't. I'll bring it to the garage.*

SEÁN *Can I help you ?*

PÁDRAIG *Take out the spare wheel, like a good boy.*

SEÁN *Here it is. It's hard enough, anyway.*

	cuirfidh	will put	
	fanfaidh	will stay	
an gcuirfidh tú?	will you put?	nach gcuirfidh sé?	will he not put?
cuirfidh mé	I will put	ní chuirfidh sé	he will not put
canna	can	buicéad	bucket
citeal	kettle	báisín	basin
ciseán	basket	babhla	bowl



An gcuirfidh tú sa channa é?



An gcuirfidh tú sa bhuicéad é?



An gcuirfidh tú sa chiteal é?



An gcuirfidh tú sa bháisín é?



An gcuirfidh tú sa chiseán é?



An gcuirfidh tú sa bhabhla é?

An gcuirfidh mé isteach anois iad?	Will I put them in now?
Cuirfidh mé na cinn seo sa charr.	I'll put these ones in the car.
An gcuirfidh mé ceann eile chuige?	Shall I send him another one?
Ní chuirfidh mé isteach sa teach iad.	I shall not put them in the house.
Fanfaidh mé anseo go ceann tamaill.	I shall stay here for a while.
Ní fhanfaidh sé leat.	He won't wait for you.

is féidir linn	we can	na pictiúir	the pictures
ar siúl	going on	go bhfeicfidh mé	till I see



GOING OUT


Nóra feels like going out tonight, so Pádraig must agree.

NÓRA	M'anam go bhfuil rud éigin orm anocht, a Phádraig. Táim tuirseach ó bheith sa teach.
PÁDRAIG	Ar mhaith leat dul amach, mar sin?
NÓRA	Ba mhaith go deimhin. Céard is féidir linn a dhéanamh?
PÁDRAIG	Tabharfaidh mé chuig na pictiúir thú.
NÓRA	Níl a fhios agam an bhfuil pictiúr maith ar siúl?
PÁDRAIG	Tabhair dom an páipéar go bhfeicfidh mé.
NÓRA	Seo duit. Cuirfidh mé cóta agus hata orm, ar aon chuma.
NÓRA	You know there's something wrong with me tonight, Pádraig. I'm tired of being in the house.
PÁDRAIG	Would you like to go out, so?
NÓRA	I would indeed. What can we do?
PÁDRAIG	I'll bring you to the pictures.
NÓRA	I don't know if there's a good picture on?
PÁDRAIG	Give me the paper until I see.
NÓRA	Here you are. I'll put on my hat and coat, anyway.

is maith liom *I like*
 ní maith liom *I don't like*

bagún *bacon*
 feoil *meat*
 cabáiste *cabbage*

prátaí *potatoes*
 briosaí *biscuits*
 oráistí *oranges*



Ní maith liom bagún.



Ní maith liom prátaí.



Ní maith liom feoil.



Ní maith liom briosaí.



Ní maith liom cabáiste.




Ní maith liom oráistí.

Ní maith le Seán tae.
 Is maith leis gach rud milis.
 Is maith léi an hata sin.
 Ar mhaith leat an ceann seo?
 Is maith leo briosaí.
 Ní maith le daidí iad.

Seán doesn't like tea.
He likes everything sweet.
She likes that hat.
Would you like this one?
They like biscuits.
Daddy doesn't like them.


caoireoil *mutton* blasta *nice (to taste), tasty*
 cur suas leis *to put up with it* (thú) a shásamh *to satisfy (you)*



HARD TO PLEASE

Nóra is serving dinner to the children but Máire does not like her meat.


NÓRA An bhfuil go leor ag an mbeirt agaibh anois, a pháistí?
 SEÁN Is maith liom an fheoil sin. An dtabharfaidh tú píosa eile dom, más é do thoil é?
 MÁIRE Ní maith liomsa ar chor ar bith í.
 NÓRA Céard atá uait? Nach bhfuil sí blasta?
 SEÁN Tá sí blasta. Ná bac léi, a mhamái.
 MÁIRE B'fhearr liom bagún ná caoireoil.
 NÓRA Nach deacair thú a shásamh! Caithfidh tú cur suas leis sin anois.
 NÓRA Have you both enough now, children?
 SEÁN I like that meat. Will you give me another piece, please?
 MÁIRE I don't like it at all.
 NÓRA What do you want? Isn't it nice?
 SEÁN It is nice. Don't mind her, mammy.
 MÁIRE I'd prefer bacon to mutton.
 NÓRA Isn't it hard to please you! You must put up with that now.

feicfidh *will see*an bhfeicfidh tú? *will you see?*feicfidh mé *I will see*nach bhfeicfidh sé? *won't he see?*ní fheicfidh sé *he won't see*Dé Domhnaigh *(on) Sunday*Dé Máirt *(on) Tuesday*Déardaoin *(on) Thursday*Dé Sathairn *(on) Saturday*Dé Luain *(on) Monday*Dé Céadaoin *(on) Wednesday*Dé hAoine *(on) Friday*

An bhfeicfidh tú Dé Domhnaigh é?



An bhfeicfidh tú Dé Luain é?



An bhfeicfidh tú Dé Máirt é?



An bhfeicfidh tú Dé Céadaoin é?



An bhfeicfidh tú Déardaoin é?



An bhfeicfidh tú Dé hAoine é?

Feicfidh mé amárach thú.
Ní fheicfidh mé go ceann cúpla lá é.

Nach bhfeicfidh tú Seán ann?
Ní fheicfidh mé go dtí Déardaoin thú.

Feicfidh tú ón áit seo é.
Ní fheicfidh aon duine san áit seo thú.

*I'll see you tomorrow.
I won't see him for a couple of days.*

*Won't you see Seán there?
I won't see you until Thursday.*

*You'll see it from here.
No one will see you here.*

uaidh *from him*uit *from you*fan *wait*c(h)eannóidh *will buy*fear an aráin *the breadman*builín *a loaf*

THE BREADMAN

Nóra hears a knock and sends Seán to answer the door.

NÓRA Rith go dtí an doras, a Sheáin, go bhfeicfidh tú cé atá ann.

SEÁN Fear an aráin atá ann. Cá mhéad builín a cheannóidh mé uaidh?

NÓRA Faigh dhá cheann, más é do thoil é.

SEÁN An bhfuil aon rud eile uait?

NÓRA Níl. Fan go bhfeicfidh mé an bhfuil airgead agam.

SEÁN Seo é do mhála. Cá mhéad a bheidh ar an dá bhuilín?

NÓRA Beidh trí scilling agus réal orthu. Seo duit ceithre scilling.

NÓRA Run to the door, Seán, and see who is there.

SEÁN It's the breadman. How many loaves will I buy from him?

NÓRA Get two, please.

SEÁN Do you want anything else?

NÓRA No. Wait until I see if I have money.

SEÁN Here's your bag. How much will the two loaves be?

NÓRA Three and sixpence. Here's four shillings.

beagán *a little*

iarr air *ask him (for)* táim ag iarraidh air *I'm asking him (for)*
 d'iarr mé air *I asked him* rud a iarraidh *to ask (for) a thing*
 (for)

beagán tobac *a little tobacco*
 beagán aráin *a little bread*
 beagán airgid *a little money*

beagán bia *a little food*
 beagán feola *a little meat*
 beagán ama *a little time*



Iarr air beagán tobac a thabhairt duit.



Iarr air beagán bia a thabhairt duit.



Iarr air beagán aráin a thabhairt duit.



Iarr air beagán feola a thabhairt duit.



Iarr air beagán airgid a thabhairt duit.



Iarr air beagán ama a thabhairt duit.

D'iarr sé beagán airgid orm.
 Bhí siad ag iarraidh orm é a dhéanamh.

Ní maith liom aon rud a iarraidh air.

Fan go bhfeicfidh mé an bhfuil beagán de agam.

Is féidir linn cur suas le beagán de sin.

Ceannóidh mé beagán feola don chat.

*He asked me for a little money.
 They were asking me to do it.*


I don't like to ask him for anything.

Wait until I see if I have a little of it.

We can put up with a little of that.

I'll buy a little meat for the cat.

labhair sé *he spoke* mórán airgid *much money*
 bail ó Dhia air *God bless him* beagán éigin *some little (amount)*



MONEY

Nóra and Cáit discuss the priest's lecture as they walk home from Mass.

NÓRA Labhair an sagart go maith inniu.

CÁIT Nár labhair anois? Is deas an fear é, bail ó Dhia air.

NÓRA Is fada anois ó d'iarr sé airgead orainn.

CÁIT Níor iarr sé mórán airgid orainn riamh.

NÓRA Agus tabharfaidh daoine dó anois é, fan go bhfeicfidh tú.

CÁIT Tabharfaidh cinnte. Tabharfaidh gach duine beagán éigin dó.

NÓRA Caithfidh gach duine cuidiú a thabhairt.

NÓRA *The priest spoke well today.*

CÁIT *Didn't he now? He's a nice man, God bless him.*

NÓRA *It's long now since he asked us for money.*

CÁIT *He never asked us for much money.*

NÓRA *And people will give it to him now, wait till you see.*

CÁIT *They will indeed. Everyone will give him some little amount.*

NÓRA *Everyone must help.*

suí *sitting, to sit*
seasamh *standing, to stand*

fuinneog *a window*
scáthán *a mirror*

lampa *a lamp*
solas *light*



Táim i mo shuí faoin bhfuinneog.



Táim i mo sheasamh faoin gclog.



Tá tú i do shuí faoin scáthán.



Tá tú i do sheasamh faoin bpictiúr.



Tá sé ina shuí faoin lampa.



Tá sé ina sheasamh faoin solas.

Ní maith liom a bheith i mo shuí.
B'fhearr leis a bheith ina sheasamh.

*I don't like sitting.
He would prefer to stand.*

Cé a bhí ina shuí anseo?
Iarr air seasamh faoin solas.
Feicfidh tú ina shuí ansin arís é
Dé Domhnaigh.

*Who was sitting here?
Ask him to stand under the light.
You'll see him sitting there again
on Sunday.*

Is deacair a bheith i do sheasamh
an lá ar fad.

It's hard to be standing all day.

níos mó *bigger, larger*

fiú *worth*
rachaidh *will go*

leag *knocked down*
braon *a drop*



GOOD NEIGHBOURS

Séamas runs short of milk and calls to Nóra to borrow some.

SÉAMAS Dia anseo isteach!

NÓRA Fáilte romhat, a Shéamais! Tar isteach agus suigh ag an tine.

SÉAMAS Ní fiú dom suí, ní fhanfaidh mé ach nóiméad.

NÓRA Tar isteach anois agus ná bí i do sheasamh ansin ag an doras.

SÉAMAS Braon bainne atáim a iarraidh. Leag an cat an crúiscín orm agus níl braon fágtha agam!

NÓRA Cinnte tabharfaidh mé bainne duit.

SÉAMAS Thug mé liom an buidéal seo.

NÓRA Ní rachaidh mórán bainne sa bhuidéal sin. Caithfidh mé ceann níos mó a fháil duit.

SÉAMAS God save all here!

NÓRA You're welcome, Séamas! Come in and sit at the fire.

SÉAMAS It's not worth my while sitting, I'll only delay a minute.

NÓRA Come in now and don't be standing there at the door.

SÉAMAS A drop of milk I'm looking for. The cat knocked the jug on me and I haven't a drop left.

NÓRA Certainly I'll give you some milk.

SÉAMAS I brought this bottle with me.

NÓRA That bottle won't hold much milk. I must get you a bigger one.

-aidh will —

gheobhaidh *will get*
 rachaidh *will go*
 inseoidh *will tell*

deoch *a drink*
 scéal maith *a good story*

ólfaidh *will drink*
 tiocfaidh *will come*
 tabharfaidh *will give*

cluas *an ear*
 cluas bhodhar *a deaf ear*



Gheobhaidh sé deoch eile anois.



Ólfaidh sé go tapa anois é.



Rachaidh sé amach anois.



Tiocfaidh sé abhaile anois.



Inseoidh sé scéal maith do Nóra anois.



Tabharfaidh sise an chluas bhodhar dó anois.

Gheobhaidh tú ar ball iad.
 Ólfaidh an cat sin braon eile,
 sílim.

Tiocfaidh siad go bhfeicfidh siad é.

Tabharfaidh sé ceann eile duit
 ach é a iarraidh air.

Inseoidh mé di go rachaidh tú léi.

Fan go bhfeicfidh mé an dtiocfaidh siad.

*You will get them shortly.
 That cat will drink another drop,
 I think.
 They'll come to see him (it).*

*He'll give you another one if you
 ask him for it.
 I'll tell her you'll go with her.*

*Wait until I see will they come.*saol *world, life*

unsa *an ounce*
 saghas *kind, sort*

rogha *choice*
 gur beag ceannach *that (there is) little sale*



TOBACCO

Séamas is making his regular purchases and doesn't forget his ounce of tobacco.

SÉAMAS An dtabharfaidh tú unsa tobac dom freisin, más é do thoil é.

CÁIT Níl mórán rogha agam duit inniu. Cén saghas acu seo ab fhearr leat?

SÉAMAS Déanfaidh an saghas seo gnó.

CÁIT Rachaidh mé go dtí an baile mór amárach agus gheobhaidh mé roinnt eile tobac.

SÉAMAS Is dócha gur beag ceannach atá anois air? Toitíní is fearr le daoine.

CÁIT Níl mórán airgid ag daoine chun toitíní ná tobac a cheannach, maise!

SÉAMAS Is bocht an saol é, ceart go leor.

SÉAMAS *Will you give me an ounce of tobacco also, please?*CÁIT *I haven't much choice for you today. Which of these kinds would you prefer?*SÉAMAS *This kind will do.*CÁIT *I'll go to town tomorrow and get some more tobacco.*SÉAMAS *I suppose there's little sale for it now? People prefer cigarettes.*CÁIT *People haven't much money to buy either cigarettes or tobacco, then.*SÉAMAS *It's a poor world, right enough.*

bheadh sé *he (it) would be*
ní bheadh sé *he (it) wouldn't be*

an mbheadh sé? *would he be?* go mbheadh sé *that he would be*
nach mbheadh sé? *wouldn't he be?* nach mbheadh sé *that he wouldn't be*



Ní bheadh Nóra ann chomh
luath seo.



Ní bheadh Pádraig ann chomh
luath seo.



Ní bheadh Seán ann chomh
luath seo.



Ní bheadh Máire ann chomh
luath seo.



Ní bheadh Cáit ann chomh luath
seo.



Ní bheadh Séamas ann chomh
luath seo.

Bheadh sé ina shuí ag an am seo,
is dócha.

He'd be up now, probably.

Ní bheadh sí anseo fós.
Nach mbheadh an carr aige ann?
Ní bheadh sibh chomh mall sin,
an mbheadh?

*She wouldn't be here yet.
Wouldn't he have the car there?
You wouldn't be that late, would
you?*

Bheadh ceann amháin le díol
ansin.

*There would be one to be sold
then.*

Nach mbheadh na daoine eile
leat?

Wouldn't the others be with you?

idir *between*

bua *victory, win*
bhuaigh *won*

foireann *a team*
slua *a crowd*



A FOOTBALL MATCH

Nóra and Pádraig talk about the football match Pádraig has just been at.

NÓRA Cé a bhuaigh an cluiche, a Phádraig?

PÁDRAIG Baile Átha Cliath. Gheobhaidh siad an bua ar Chiarraí freisin.

NÓRA Is dócha go raibh cluiche maith ann?

PÁDRAIG Bhí sé go maith, cinnte. Ní raibh mórán idir an dá fhoireann.

NÓRA An raibh slua an-mhór agaibh?

PÁDRAIG Shíl mé go mbheadh níos mó ann. Ní fhaca mé Séamas ann ar chor ar bith.

NÓRA Ní bheadh seisean ann lá fuar mar seo.

NÓRA *Who won the match, Pádraig?*

PÁDRAIG *Dublin. They'll beat Kerry, also.*

NÓRA *I suppose it was a good match?*

PÁDRAIG *It was indeed. There wasn't much between the two teams.*

NÓRA *Had you a very big crowd?*

PÁDRAIG *I thought there would be more there. I didn't see Séamas there at all.*

NÓRA *He wouldn't be there on a cold day like this.*

is fearr liom *I prefer*
b'fhearr liom *I would prefer*

uisce beatha *whiskey*
leann *ale*
pórtar *porter*

fíon *wine*
líomanáid *lemonade*
deoch ghlas *a soft drink*



B'fhearr liom uisce beatha.



B'fhearr liom fíon.



B'fhearr liom leann.



B'fhearr liom líomanáid.



B'fhearr liom pórtar.



B'fhearr liom deoch ghlas.

Is fearr leis go mór an tae.
B'fhearr liom toitín, go raibh maith agat.
B'fhearr léi dul abhaile anois.
Is fearr liom súi ar chathaoir ard.
Ar mhaith leat teacht linn?
B'fhearr liom gan dul ann anois.

He much prefers tea.
I'd prefer a cigarette, thanks.
She'd prefer to go home now.
I prefer to sit on a high chair.
Would you like to come with us?
I'd prefer not to go there now.

caithfidh N (toitín) *N will take,* mar a chéile *similar, the same*
smoke (a cigarette) mórán dochair *much harm*
is fearr duit é *it's better for you*



SMOKING

Pádraig and Séamas prepare to have a smoke while they chat.

PÁDRAIG An gcaithfidh tú toitín, a Shéamais?
SÉAMAS Ní chaithfidh, go raibh maith agat. B'fhearr liom an píopa.
PÁDRAIG Is fearr duit freisin é, deir siad.
SÉAMAS Níl a fhios agam. Creidim gur mar a chéile iad.
PÁDRAIG Ní dóigh liom go bhfuil mórán dochair iontu.
SÉAMAS An mbeadh cipín agat ar chor ar bith?
PÁDRAIG Ba cheart go mbeadh ceann agam áit éigin. Seo duit.
PÁDRAIG Will you take a cigarette, Séamas?
SÉAMAS No, thank you. I'd prefer the pipe.
PÁDRAIG It's better for you too, they say.
SÉAMAS I don't know. I believe they're all the same.
PÁDRAIG I don't think there's much harm in them.
SÉAMAS Would you have a match at all?
PÁDRAIG I should have one somewhere. Here you are.

orthu on them

a bhóna his collar
a chóta his coat
a chaipín his cap

a mbónaí their collars
a gcótaí their coats
a gcaipíní their caps



D'iarr sí air a bhóna a chur air.



D'iarr sí orthu a mbónaí a chur orthu.



D'iarr sí air a chóta a chur air.



D'iarr sí orthu a gcótaí a chur orthu.



D'iarr sí air a chaipín a chur air.



D'iarr sí orthu a gcaipíní a chur orthu.

Caithfidh siad a gcótaí a chur orthu.

They must put on their coats.

Ní fiú dóibh a gcótaí a chur orthu.

It's not worth their while to put on their coats.

Is fearr dó a chaipín a chur air.
Ar mhaith leat é a bhaint díot?
B'fhearr leis gan a chaipín a chur air.

It's better for him to put on his cap.
Would you like to take it off?
He'd prefer not to put on his cap.

Bheadh sé chomh maith agat
cóta a chur ort.

It would be as well for you to put
on a coat.

dóibh to them, for them

oraibh on you (more than one person)

teachtaireacht a message cótaí fearthainne raincoats
ar theachtaireacht on a message na scamail the clouds



MORE RAIN?

Pádraig arrives home just as the children leave to go on a message: he advises that they put on raincoats.

PÁDRAIG Cá bhfuil sibh ag dul, a leanaí?

NÓRA Caithfidh siad dul ar theachtaireacht domsa.

PÁDRAIG B'fhearr dóibh a gcótaí fearthainne a chur orthu.

NÓRA An dóigh leat go dtiocfaidh an fhearthainn?

PÁDRAIG Tiocfaidh cinnte. Féach ar na scamail sin!

NÓRA Caithfidh sibh cótaí a chur oraibh, a leanaí.

SEÁN AGUS

MÁIRE Ceart go leor, a mhamaí.

PÁDRAIG Where are you going, children?

NÓRA They have to go on a message for me.

PÁDRAIG They had better put on their raincoats.

NÓRA Do you think the rain will come?

PÁDRAIG It will indeed. Look at those clouds.

NÓRA You must put on coats, children.

SEÁN AND

MÁIRE All right, mammy.


d'éirigh arose
d'éirigh ina s(h)easamh stood up

an fear the man
an bhean the woman
an páiste the child

na fir the men
na mná the women
na páistí the children



D'éirigh an fear ina sheasamh.



D'éirigh na fir ina seasamh.



D'éirigh an bhean ina seasamh.



D'éirigh na mná ina seasamh.



D'éirigh an páiste ina sheasamh.



D'éirigh na páistí ina seasamh.

D'éirigh na daoine go léir ina seasamh. *All the people stood up.*

Níor éirigh aon duine chun a chóta a thógáil. *No one stood up to take his coat.*

Leag duine éigin é ach d'éirigh sé ina sheasamh arís. *Someone knocked him down but he stood up again.*


Bhí sí ina suí ach d'éirigh sí ina seasamh arís. *She was sitting down but she got up again.*

D'éirigh sé ina sheasamh agus labhair an múinteoir leis. *He stood up and the teacher spoke to him.*

Ar éirigh Seán as an leaba fós? *Did Seán get up yet?*

go rachaidh sé *that he will go*
ina luí *lying, in bed*
thar am *past time*

deireanach *late*
ina shuí *sitting, up (out of bed)*
go beo *quickly, lively*



LAZY SEÁN

Pádraig is annoyed to find Seán is still in bed, as he wants him to do a message.

PÁDRAIG *Cá bhfuil Seán go rachaidh sé ar theachtaireacht dom?*

NÓRA *Tá sé ina luí go fóill, maise.*

PÁDRAIG *Nár éirigh sé as an leaba fós?*

NÓRA *Níor éirigh; bhí sé deireanach ag dul a luí dó aréir.*

PÁDRAIG *Tá sé thar am aige a bheith ina shuí anois.*

NÓRA *A Mháire, rith suas agus abair le Seán a chuid éadaigh a chur air go beo.*

MÁIRE *Tá go maith, a mhamá.*

PÁDRAIG *Where's Seán that he may go on a message for me?*

NÓRA *He's in bed yet, indeed.*

PÁDRAIG *Didn't he get up yet?*

NÓRA *No; it was late when he went to bed last night.*

PÁDRAIG *It's past time for him to be up now.*

NÓRA *Máire, run up and tell Seán to put on his clothes quickly.*

MÁIRE *All right, mammy.*

chuirfeadh sé *he (it) would put*áthas *joy*
brón *sorrow*ocras *hunger*
tart *thirst*eagla *fear*
fearg *anger*

Chuirfeadh sé áthas ort.



Chuirfeadh sé brón ort.



Chuirfeadh sé ocras ort.



Chuirfeadh sé tart ort.



Chuirfeadh sé eagla ort.



Chuirfeadh sé fearg ort.

An bhfuil ocras ort?

Are you hungry?

An raibh fearg air?

Was he angry?

Ní raibh eagla ar bith ormsa.

I wasn't a bit afraid.

Tháinig tart mór ansin air.

He became very thirsty then.

Bhí áthas ar na leanaí an lá sin.

The children were glad that day.

Bhí brón uirthi agus thosaigh sí ag caoineadh.

*She was sorry and she began to cry.*roimhe (seo) *before (this)*nach mór *almost*
oinniúin *onions*boladh *a smell*
is trua *it's a pity*gan N tagtha *N (has) not come*

LATE FOR DINNER

Dinner is ready but Pádraig has not yet arrived.

NÓRA Féach an bhfuil daidí ag teacht, a Mháire. Tá sé mall inniu.

MÁIRE Ní fheicim ag teacht go fóill é.

NÓRA Nach gcuirfeadh sin fearg ort! Agus an dinnéar nach mór réidh agam!

SEÁN Chuirfeadh an boladh deas sin ocras ar dhuine. Céard é, a mhamáí?

NÓRA Mairteoil bhruite agus oinniúin, a stór.

SEÁN An mbeidh anraith againn freisin? Is maith liom anraith.

NÓRA Beidh, cinnte. Ach is trua gan daidí tagtha abhaile roimhe seo.

NÓRA *See if daddy is coming, Máire. He's late today.*MÁIRE *I don't see him coming yet.*NÓRA *Wouldn't that vex you! And dinner almost ready!*SEÁN *That nice smell would make anyone hungry. What is it, mammy?*NÓRA *Boiled beef and onions, love.*SEÁN *Will we have soup also? I like soup.*NÓRA *We will of course. But it's a pity daddy's not home before now.*

bíonn sé *it is (usually)*
 bíonn sé ag A *A has (usually)*

aici *at her*

againn *at us*

cluiche *a game*
 spórt *sport, fun*
 ceol *music*


cártaí *cards*
 damhsaí *dances*
 drámaí *plays*



Bíonn cluiche againn gach oíche. Bíonn cártaí againn gach oíche.



Bíonn spórt againn gach oíche. Bíonn damhsaí againn gach oíche.





Bíonn ceol againn gach oíche. Bíonn drámaí againn gach oíche.

Bíonn na gardaí ann gach lá. *The guards are there every day.*
 Bíonn prátaí ag fás ann gach bliain. *Potatoes grow there every year.*
 Bíonn siad chomh hard leis sin. *They are as high as that.*
 Bíonn madraí chomh ramhar leis sin go minic. *Dogs are often as fat as that.*
 Bíonn sí chomh luath sin gach lá. *She is as early as that every day.*

aicise *at her (emphatic)*
 againne *at us (emphatic)*

smaoineamh *a thought*
 laethanta saoire *holidays*

Baile Átha Cliath *Dublin*
 cois farraige *at the seaside*



FARAWAY HILLS

Máire suddenly gets the notion that she would like to visit Dublin.

MÁIRE Ba mhaith liom dul go Baile Átha Cliath, a mhamaí.
 NÓRA Céard a chuir an smaoineamh sin i do cheann?
 MÁIRE Bíonn Eibhlín i mBaile Átha Cliath go minic ach ní raibh mise riamh ann.
 SEÁN Bíonn laethanta saoire cois farraige againne, agus ní bhíonn ag Eibhlín.
 MÁIRE Ach cén fáth nach mbíonn daidí ag dul go Baile Átha Cliath?
 NÓRA Mar ní bhíonn gnó aige ann. Bíonn daidí Eibhlín ag dul ann ag ceannach rudaí don siopa.
 MÁIRE I'd like to go to Dublin, mammy.
 NÓRA What put that idea into your head?
 MÁIRE Eibhlín is in Dublin often but I was never there.
 SEÁN We have holidays at the seaside, and Eibhlín hasn't.
 MÁIRE But why doesn't daddy go to Dublin?
 NÓRA Because he has no business there. Eibhlín's daddy goes there buying things for the shop.

gheobhaidh *will get*an bhfaighidh tú? *will you get?* nach bhfaighidh tú? *won't you get?*gheobhaidh mé *I will get* ní bhfaighidh mé *I won't get*na teachtaireachtaí *the messages*
na torthaí *the fruit(s)*
na glasraí *the vegetables*na tornapaí *the turnips*
na trátaí *the tomatoes*
na bananaí *the bananas*An bhfaighidh tú na teachtair-
eachtaí dom anois?An bhfaighidh tú na tornapaí
dom anois?An bhfaighidh tú na torthaí dom
anois?An bhfaighidh tú na trátaí dom
anois?An bhfaighidh tú na glasraí dom
anois?An bhfaighidh tú na bananaí
dom anois?An bhfaighidh sibh laethanta
saoire go luath?Gheobhaidh mé na hoinniúin
duit anois.Ní bhfaighidh tú toitíní sa siopa
sin.

Gheobhaidh mé tobac ó Sheán.

Nach bhfaighidh na páistí duit
iad?

Sílim go bhfaighidh mé féin iad.

*Will you get holidays soon?**I shall get the onions for you now.**You won't get cigarettes in that
shop.**I'll get tobacco from Seán.**Won't the children get them for
you?**I think I'll get them myself.*le déanamh *to do, to be done*tar éis *after*is cuma liom *I don't care*ruda *of (a) thing*dada *nothing*

MESSAGES


*Nóra wants some messages, but Seán doesn't want to oblige.*NÓRA Cé a gheobhaidh na teachtaireachtaí dom tar éis an
dinnéir?SEÁN Ní bhfaighidh mise iad mar tá a lán ceachtanna le
déanamh agam.MÁIRE Bíonn ceachtanna le déanamh agatsa i gcónaí.
Gheobhaidh mise iad, a mhamaí.NÓRA Maith an cailín, a Mháire. Tabharfaidh mise rud deas
duitse.

MÁIRE Cén sórt ruda, a mhamaí?

NÓRA Fan go bhfeicfidh tú! Agus ní bhfaighidh Seán dada.

SEÁN Is cuma liom. Caithfidh mé na ceachtanna seo a dhéan-
amh.NÓRA *Who will get the messages for me after dinner?*SEÁN *I won't get them because I have a lot of lessons to do.*MÁIRE *You always have lessons to do. I'll get them, mammy.*NÓRA *Good girl, Máire. I'll give you something nice.*MÁIRE *What kind of thing, mammy?*NÓRA *Wait until you see! And Seán won't get anything.*SEÁN *I don't care. I must do these lessons.*

mórán much, many

fearthainn rain
sneachta snow
sioc frostmórán fearthainne much rain
mórán sneachta much snow
mórán seaca much frostShíl mé nach mbeadh fearthainn
againn inniu.Shíl mé nach mbeadh mórán
fearthainne againn inniu.Shíl mé nach mbeadh sneachta
againn inniu.Shíl mé nach mbeadh mórán
sneachta againn inniu.Shíl mé nach mbeadh sioc againn
inniu.Shíl mé nach mbeadh mórán
seaca againn inniu.Shíl mé nach mbeadh sé anseo
inniu.*I thought he wouldn't be here
today.*Shíl sé nach mbeadh dada le
déanamh.*He thought there would be nothing
to do.*Shíl mé go mbíonn laethanta
saoire agaibh ag an am sin.*I thought you have holidays at
that time.*Shíl mé go mbeadh cluiche
maith ann.*I thought it would be a good game.*Níor shíl aon duine dada de.
Ní bhfaighidh sé dada lena ithe
ansin.*No one thought anything of it.
He'll get nothing to eat there.*

nach é—? isn't it—?

ar maidin this morning

mhothaigh felt, did—feel

barúil an opinion, idea

pianta pains



COLD WEATHER

*Séamas complains of the cold weather which affects him more than it
does Pádraig.*

SÉAMAS Nach é atá fuar inniu, a Phádraig?

PÁDRAIG Tá sé fuar go deimhin. Shíl mé ar maidin go mbeadh
sneachta againn.

SÉAMAS Bhí sioc aréir ann, is dóigh liom.

PÁDRAIG An ndéir tú liom é? Níor mhothaigh mé é.

SÉAMAS Mhothaigh mise cuid mhór é. Bíonn barúil agam i gcónaí
nuair a bhíonn sioc ann.

PÁDRAIG Shíl mé nach mbíonn na pianta sin ort riamh anois.

SÉAMAS Is minic a bhíonn, maise!

SÉAMAS Isn't it cold today, Pádraig?

PÁDRAIG It's cold indeed. I thought this morning that we'd have snow.

SÉAMAS We had frost last night, I think.

PÁDRAIG Do you tell me? I didn't feel it.

SÉAMAS I felt it a good deal. I always have an idea when it's
freezing.

PÁDRAIG I thought you never have those pains now.

SÉAMAS I often have them, indeed!


	is cuimhin liom	<i>I remember</i>	
an cuimhin leat?	<i>do you remember?</i>	nach cuimhin leat?	<i>don't you remember?</i>
is cuimhin liom	<i>I remember</i>	ní cuimhin liom	<i>I don't remember</i>
an lá sin	<i>that day</i>	na laethanta sin	<i>those days</i>
an bhliain sin	<i>that year</i>	na blianta sin	<i>those years</i>
an uair sin	<i>that time</i>	na huairanta sin	<i>those times</i>




Nach cuimhin leat an lá sin?




Nach cuimhin leat na laethanta sin?



Nach cuimhin leat an bhliain sin?



Nach cuimhin leat na blianta sin?




Nach cuimhin leat an uair sin?



Nach cuimhin leat na huairanta sin?

Is cuimhin liom stoirm a bheith ann an bhliain sin.	<i>I remember a storm that year.</i>
An cuimhin leat an sneachta a bhí againn an t-am sin?	<i>Do you remember the snow we had that time?</i>
Ní cuimhin liom mórán gaoithe a bheith ann an lá sin.	<i>I don't remember much wind blowing that day.</i>
Is cuimhin liom beagán airgid a thabhairt dó.	<i>I remember giving him a little money.</i>
Is maith is cuimhin liom an lá sin!	<i>I well remember that day!</i>
Ní cuimhin liom é a fheiceáil tar éis an dinnéir.	<i>I don't remember seeing him after dinner.</i>

aithne	<i>acquaintance, recognition</i>	galánta	<i>elegant, fashionable</i>
ar cuairt	<i>on a visit</i>	ait	<i>strange, odd</i>



A VISITOR

Cáit and Nóra talk of Eibhlín, who visits the district occasionally.

CÁIT	An bhfaca tú Eibhlín Ní Raghallaigh ar an Aifreann inné?
NÓRA	Níl aon aithne agam uirthi. Cé hí féin?
CÁIT	Nach bhfuil a fhios agat, an cailín úd ó Bhaile Átha Cliath. Bíonn éadaí galánta uirthi i gcónaí.
NÓRA	Ní cuimhin liom í a fheiceáil riamh.
CÁIT	Nach cuimhin anois? Nach ait sin, mar is minic a bhíonn sí ar cuairt anseo.
NÓRA	Cén gnó a bhíonn aici ag teacht ar cuairt anseo?
CÁIT	Aintín di is ea Bean Uí Néill. Bíonn sí ag fanacht léi ó am go ham.
CÁIT	<i>Did you see Eibhlín O'Reilly at Mass yesterday?</i>
NÓRA	<i>I don't know her. Who is she?</i>
CÁIT	<i>Don't you know, that girl from Dublin. She always wears fashionable clothes.</i>
NÓRA	<i>I don't remember ever having seen her.</i>
CÁIT	<i>Don't you now? Isn't that strange, because she's often on a visit here.</i>
NÓRA	<i>What business has she coming on a visit here?</i>
CÁIT	<i>Mrs. O'Neill is her aunt. She stays with her from time to time.</i>

an mbíonn sé? *is it? (usually)*
 nach mbíonn sé? *isn't it? (usually)*
 ní bhíonn sé *it isn't (usually)*

uirthi *on her*

orthu *on them*

tinneas *illness*
 tinneas cinn *a headache*
 tinneas cluaise *an earache*

slaghdán *a cold*
 tinneas fiacaile *a toothache*
 tinneas cnámh *pains in the bones*



An mbíonn tinneas uirthi go minic?



An mbíonn slaghdán uirthi go minic?



An mbíonn tinneas cinn uirthi go minic?



An mbíonn tinneas fiacaile uirthi go minic?



An mbíonn tinneas cluaise uirthi go minic?



An mbíonn tinneas cnámh uirthi go minic?

Bíonn slaghdán orthu go minic sa gheimhreadh.

They have colds often in winter.

Nach mbíonn cótaí móra ar na leanaí gach lá?

Don't the children wear overcoats every day?

Ní bhíonn hataí orthu ar chor ar bith.

They don't wear hats at all.

Nach mbíonn sibh anseo gach oíche?

Aren't you here every night?

An mbíonn siad chomh dona sin?

Are they (usually) as bad as that?

An mbíonn tú ag éirí chomh luath sin?

Are you (usually) getting up so early?

sula *before*

na hoícheanta seo *these nights* an phictiúrlann *the cinema*
 uaireanta *sometimes* slua *a crowd*
 déarfaidh *will say, will tell* sul i bhfad *before long*



THE PICTURES AGAIN

Cáit discusses the pictures with Nóra, who rarely goes to the cinema.

CÁIT Bíonn pictiúr an-mhaith ar siúl na hoícheanta seo. An bhfaca tú é?

NÓRA Ní fhaca. Ní minic a bhíonn am agam dul go dtí an phictiúrlann.

CÁIT Ní bhíonn pictiúr maith ann go minic ach oiread. Ní cuimhin liom ceann chomh maith leis seo a bheith ann le fada.

NÓRA An mbíonn mórán daoine ann?

CÁIT Ní bhíonn gach oíche. Ach bhí slua maith aréir ann.

NÓRA Caithfidh mé dul leat oíche éigin sul i bhfad.

CÁIT Beidh fáilte romhat! Déarfaidh mé leat é nuair a bheidh pictiúr maith eile ag teacht.

CÁIT *There's a very good picture on these nights. Did you see it?*

NÓRA *No. It's not often I have time to go to the cinema.*

CÁIT *It's not often there's a good picture on, either. I don't remember one as good as this one being on for a long time past.*

NÓRA *Do many people go to it?*

CÁIT *Not every night. But there was a good crowd there last night.*

NÓRA *I must go with you some night before long.*

CÁIT *You'll be welcome. I'll tell you when another good picture is coming.*

CEACHT 94

	leo	with them, to them
	cé a dúirt leo? who told them?	
an peann	the pen	
an scian	the knife	
an mhóin	the turf	
	an leabhar	the book
	an spúnóg	the spoon
	an gual	the coal


a chur to put



Cé a dúirt leo an peann a chur ansin?



Cé a dúirt leo an leabhar a chur ansin?



Cé a dúirt leo an scian a chur ansin?



Cé a dúirt leo an spúnóg a chur ansin?



Cé a dúirt leo an mhóin a chur ansin?



Cé a dúirt leo an gual a chur ansin?

Cé a dúirt leat éirí anois?

Who told you to get up now?

Cé a dúirt leis na daoine sin teacht?

Who told those people to come?

Cé a dúirt léi teacht chomh luath seo?

Who told her to come so early?

Cé a dúirt le Seán é a dhíol?

Who told Seán to sell it?

Cé a dúirt libh na briosaí a ithe?

Who told you to eat the biscuits?

Ní dúirt aon duine liom é sin a dhéanamh anois.

No one told me to do that now.

dóibh to them, for them

an t-adhmad	the timber,	ar an gcosán	on the path
	the wood	rinne siad dearmad	they forgot
ba cheart dóibh	they should		



UNTIDINESS

Pádraig comes home late to find that the children have left some timber scattered around.

PÁDRAIG Cé a d'fhág an t-adhmad go léir ar an gcosán?

NÓRA Na páistí. Bhí siad ag súgradh leis tráthnóna.

PÁDRAIG Agus cé a dúirt leo é a thógáil amach as an ngaráiste?

NÓRA Duine ar bith. Bíonn siad ag súgradh leis go minic, maise.

PÁDRAIG Ba cheart dóibh é a chur ar ais isteach.

NÓRA Rinne siad dearmad, is dócha.

PÁDRAIG Déarfadh mé leo ar maidin é a chur ar ais.

PÁDRAIG Who left all the timber on the path?

NÓRA The children. They were playing with it this evening.

PÁDRAIG And who told them to take it out of the garage?

NÓRA Nobody. They often play with it, indeed.

PÁDRAIG They should put it back in.


NÓRA They forgot, I suppose.

PÁDRAIG I'll tell them in the morning to put it back.

thabharfadh sé *he would give*
 ní thabharfadh sé *he wouldn't give*

dada *nothing*
 píosa *a piece*
 blas *a taste*

mórán *much*
 ceann *one (a whole one)*
 dóthain *enough*



Ní thabharfadh sé dada dom.



Ní thabharfadh sé mórán dom.




Ní thabharfadh sé píosa dom.



Ní thabharfadh sé ceann dom.



Ní thabharfadh sé blas dom.



Ní thabharfadh sé dóthain dom.

Ní thabharfadh sé pingin dóibh.
 Ní thabharfadh sí mórán d'aon duine.

*He wouldn't give them a penny.
 She wouldn't give much to anyone.*

Thabharfadh sé do Sheán é,
 ceart go leor.

He'd give it to Seán right enough.

Ní bhíonn do dhóthain agatsa riamh.

You never have enough.

Ní thabharfadh an duine sin
 deoch uisce duit.

*That person wouldn't give you a
 drink of water.*

Ba cheart dóibh ceann a
 thabhairt dó.

They should give him one.

uaitse *from you (emphatic)*

le chéile *together*

ag cruinniú airgid *collecting
 money*

p(h)aróiste *parish*

ar m'anam *on my soul*



COLLECTING

Séamas asks Cáit why Tomás and Eoin are going about together so much.

SÉAMAS Bíonn Tomás agus Eoin ag dul thart le chéile na hoícheanta seo. Céard a bhíonn ar siúl acu?

CÁIT Ag cruinniú airgid, ar ndóigh.

SÉAMAS An mar sin é? Níor tháinig siad chugamsa go fóill.

CÁIT Bhí siad i dteach Phádraig aréir, ach ní thabharfadh seisean dada dóibh.

SÉAMAS Agus bhí an ceart aige, ar m'anam.

CÁIT Beidh súil acu le deich scilling uaitse.

SÉAMAS An mbeidh anois? Cé a dúirt leo go mbeadh deich scilling agamsa dóibh?

SÉAMAS Tomás and Eoin are going around together these nights. What are they doing?

CÁIT Collecting money, of course.

SÉAMAS Is that it? They didn't come to me yet.

CÁIT They were in Pádraig's house last night, but he wouldn't give them anything.

SÉAMAS And he was right, on my soul.

CÁIT They'll be expecting ten shillings from you.

SÉAMAS Will they now? Who told them I'd have ten shillings for them?

	bheinn <i>I would be</i>	
murach <i>were it not for,</i> <i>only for</i>	roimhe seo <i>before now</i>	
an slua <i>the crowd</i>	an trácht <i>the traffic</i>	
an t-aonach <i>the fair</i>	an margadh <i>the market</i>	
an ghaoth <i>the wind</i>	an ceo <i>the fog</i>	



Bheinn anseo roimhe seo murach
an slua.



Bheinn anseo roimhe seo murach
an trácht.



Bheinn anseo roimhe seo murach
an t-aonach.



Bheinn anseo roimhe seo murach
an margadh.



Bheinn anseo roimhe seo murach
an ghaoth.




Bheinn anseo roimhe seo murach
an ceo.

Bheinn leo murach go raibh lá
fliuch ann.
Ní thabharfadh sé dom roimhe
seo iad.
Thabharfadh sé dom roimhe seo
iad murach tusa.
Bheadh sé abhaile i bhfad roimhe
seo murach rud éigin.
Bheinn ag na pictiúir murach go
raibh drochaimsir ann.
Ba cheart dóibh a bheith abhaile
roimhe seo.

*I'd be with them only for it was
a wet day.
He wouldn't give them to me
before this.
He'd have given them to me before
this only for you.
He'd be home long before this
only for something.
I'd be at the pictures only for the
weather was bad.
They should be home before this.*

barúil <i>an opinion, idea</i>	col ceathrar <i>a first cousin</i>
bhuail mé le <i>I met</i>	an tsiopa <i>(of) the shop</i>



A DAY'S SHOPPING

*Cáit gets into the bus on her way home from town, to the surprise of
Nóra.*

- NÓRA M'anam, a Cháit, ní raibh barúil agam go raibh tú sa
bhaile mór inniu.
CÁIT Bhí mé ann ó mhaidin.
NÓRA Bhí lá fada agat ann, mar sin.
CÁIT Bheinn imithe abhaile i bhfad roimhe seo murach gur
bhuail mé le col ceathrar dom.
NÓRA Chaith sibh tráthnóna deas le chéile, is dócha.
CÁIT Níor chaith, ar m'anam. Bhí an iomarca le déanamh
agamsa.
NÓRA Bíonn teachtaireachtaí an tsiopa le déanamh agatsa, ar
ndóigh.
NÓRA *My soul, Cáit, I had no idea you were in town today.*
CÁIT *I was there since this morning.*
NÓRA *You had a long day there, so.*
CÁIT *I'd be gone home long before this only I met a first cousin
of mine.*
NÓRA *You spent a nice evening together, I suppose.*
CÁIT *We did not, then. I had too much to do.*
NÓRA *You have to do the messages for the shop, of course.*

seasamh *standing*
 codladh *sleeping*
 dúiseacht *waking*

tá sé ina sheasamh *he is standing*



Nach bhfuil sé ina sheasamh?

tá sí ina seasamh *she is standing*



Nach bhfuil sí ina seasamh?



Nach bhfuil sé ina chodladh?



Nach bhfuil sí ina codladh?



Nach bhfuil sé ina dhúiseacht?




Nach bhfuil sí ina dúiseacht?

Níl sé ina chodladh fós.
 Cé atá ina sheasamh amuigh
 faoin bhfearthainn?
 An bhfuil tú i do dhúiseacht
 anois, a Sheáin?
 Ní bheinn i mo dhúiseacht ag an
 am sin.
 Tá barúil agam go bhfuil sí ina
 codladh.
 Tá mo chol ceathrar ina
 chodladh ansin.

*He's not asleep yet.
 Who is standing outside in the
 rain?
 Are you awake now, Séán?
 I wouldn't be awake at that time.
 I have an idea that she's asleep.
 My first cousin is asleep there.*

ghlaoigh *called, did—call*
 ag dul a luí *going to bed*

roimhe seo *before this*
 deifir a dhéanamh *to make haste*



GETTING UP

Nóra is anxious to have Séán get up without further delay.

NÓRA Ar ghlaoigh tú ar Sheán, a stór?
 MÁIRE Ghlaoigh. Bhí sé fós ina chodladh.
 NÓRA Ba cheart dó a bheith ina shuí roimhe seo.
 MÁIRE Tá sé ina dhúiseacht anois, cibé ar bith.
 NÓRA Bíonn sibh ródheireanach ag dul a luí gach oíche.
 MÁIRE Rachaidh mé in airde staighre arís féachaint an bhfuil
 sé ina shuí.
 NÓRA Maith an cailín. Abair leis deifir a dhéanamh.
 NÓRA Did you call Séán, love?
 MÁIRE I did. He was still asleep.
 NÓRA He should be up before now.
 MÁIRE He's awake now anyway.
 NÓRA You are too late going to bed every night.
 MÁIRE I'll go upstairs again to see if he's up.
 NÓRA Good girl. Tell him to hurry up.

chun to

chun an tí to the house chun na dtithe to the houses
 chun an bhaile to the town chun na mbailte to the towns
 chun na háite to the place chun na n-áiteanna to the places

dul going



Ní cuimhin liom dul chun an tí sin.



Ní cuimhin liom dul chun na dtithe sin.




Ní cuimhin liom dul chun an bhaile sin.



Ní cuimhin liom dul chun na mbailte sin.



Ní cuimhin liom dul chun na háite sin.



Ní cuimhin liom dul chun na n-áiteanna sin.

Ghlaoigh sí isteach chun an tae orthu.

She called them in to their tea.

Ní cuimhin leis aon duine a theacht chun an dorais.

He doesn't remember anyone coming to the door.

Nach cuimhin leat a bheith in airde ansin fada ó shin?

Don't you remember being up there long ago?

Is cuimhin liom dul a luí an oíche sin, ceart go leor.

I remember going to bed that night, right enough.

Thabharfadh sé chun na scoile iad murach go raibh deifir air.

He would bring them to the school were he not in a hurry.

Ní cuimhin liom a bheith i mo shuí ag a sé a chlog riamh.

I don't remember ever being up at six o'clock.

roimpi before her

glanta amach cleaned out
 á ghlanadh cleaning it

ar cuairt on a visit
 in airde linn up with us



ANOTHER VISITOR

Nóra has news for Máire on her return home from school: her Aunt Peg is coming on a visit to the house.

NÓRA Tháinig litir ó d'Aintín Peig ar maidin. Tá sí le teacht ar cuairt chugainn tráthnóna.

MÁIRE Ní cuimhin liom í a bheith anseo riamh, a mhamáí.

NÓRA Nach cuimhin leat anois? Is minic a bhí sí anseo linn cheana.

MÁIRE Cé acu seomra codlata a mbeidh sí ann?

NÓRA Do sheomra féin, ar ndóigh. Beidh sé glanta amach againn roimpi.

MÁIRE Agus cén áit a mbeidh mise ansin?

NÓRA Sa seomra beag. Seo, in airde linn anois. Caithfidh deifir a dhéanamh á ghlanadh.

NÓRA A letter came from your Aunt Peg this morning. She's to come on a visit to us this evening.

MÁIRE I don't remember her ever being here, mammy.

NÓRA Do you not now? She was often here with us previously.

MÁIRE Which bedroom will she be in?

NÓRA Your own room, of course. We'll have it cleaned out for her.

MÁIRE And where will I be then?

NÓRA In the small room. Here, up we go now. We must hurry and clean it.

dá	if
dá mbeadh (rud) aige	if he had (a thing)
chaithfeadh sé toitín <i>he'd smoke</i>	d'íofadh sé milseán <i>he'd eat</i>
<i>a cigarette</i>	<i>a sweet</i>
ghabhfeadh sé amhrán <i>he'd sing</i>	d'ólfadh sé uisce beatha <i>he'd</i>
<i>a song</i>	<i>drink whiskey</i>
dhéanfeadh sé obair bhaile <i>he'd</i>	d'inseodh sé scéal <i>he'd tell</i>
<i>do home work</i>	<i>a story</i>



Dá mbeadh toitín aige chaithfeadh sé é.



Dá mbeadh milseán aige d'íofadh sé é.



Dá mbeadh amhrán aige ghabhfeadh sé é.



Dá mbeadh uisce beatha aige d'ólfadh sé é.



Dá mbeadh obair bhaile aige dhéanfeadh sé é.



Dá mbeadh scéal aige d'inseodh sé é.

Thabharfadh sé ceann duit dá mbeadh sé aige.	<i>He'd give you one if he had it.</i>
Dhéanfeadh sí ceann domsa dá mbeadh am aici.	<i>If she had time she'd make one for me.</i>
Dá mbeadh ocras air d'íofadh sé é.	<i>If he were hungry he'd eat it.</i>
Dá mbeadh tart uirthi d'ólfadh sí é.	<i>If she were thirsty she'd drink it.</i>
Dá mbeadh sé tuirseach bheadh sé ina chodladh anois.	<i>If he were tired he'd be asleep now.</i>
Chaithfeadh sé teacht chugam dá mbeadh airgead uaidh.	<i>He'd have to come to me if he wanted money.</i>

ceist	a question	creidfidh	will believe
cuirfidh mé ceist	I'll ask	cuir leat	ask away



GOOD NEWS

Máire meets Seán to be first with the news of Aunt Peg's visit.

MÁIRE Níl a fhios agatsa cé atá ag teacht ar cuairt chugainn.
 SEÁN Níl a fhios agam. Cé atá ag teacht?
 MÁIRE M'Aintín Peig. Beidh sí ag teacht tráthnóna.
 SEÁN Níl tú ach ag magadh. D'inseodh mamaí dúinn é dá mbeadh sí le teacht.
 MÁIRE Ar maidin a tháinig an litir. Agus beidh sí ina codladh i mo sheomra.
 SEÁN Ní chreidim thú. Cuirfidh mé ceist ar mhamáí.
 MÁIRE Cuir leat, mar sin. Creidfidh tú ansin mé.
 MÁIRE *You don't know who's coming on a visit to us.*
 SEÁN *I don't know. Who's coming?*
 MÁIRE *My Aunt Peg. She'll be coming this evening.*
 SEÁN *You're only joking. Mammy would tell us if she intended to come.*
 MÁIRE *The letter came this morning. And she'll be sleeping in my room.*
 SEÁN *I don't believe you. I'll ask mammy.*
 MÁIRE *Ask away, so. Then you'll believe me.*

déarfainn *I would say*
ní déarfainn *I wouldn't say*

áthas *joy, gladness*
brón *sorrow*
éad *jealousy*

uirthi *on her*
orthu *on them*
cead *permission*



Déarfainn go raibh áthas uirthi.



Déarfainn go raibh áthas orthu.



Déarfainn go raibh brón uirthi.



Déarfainn go raibh brón orthu.



Déarfainn go raibh éad uirthi.



Déarfainn go raibh éad orthu.

Déarfainn go mbeidh sé fliuch inniu.

I'd say it will be wet today.

Déarfainn go gcuirfidh sé sneachta ar ball.

I'd say it will snow after a while.

Déarfainn go dtabharfadh sé dúinn é dá mbeadh sé anseo.

I'd say he'd give it to us if he were here.

Déarfainn go mbeidh brón ar dhuine éigin faoi sin.

I'd say someone will be sorry for that.

Déarfainn go ndéanfadh sé é dá mbeadh cead aige.

I'd say he'd do it if he had permission.

Déarfainn gur chuir sé ceist uirthi, ceart go leor.

I'd say he asked her, all right.

chuirfeadh *would put*

post *a position, job*

caillte *lost*

a choinneáil *to keep*

gur chaill sí *that she lost*



UNEMPLOYED

Cáit and Nóra discuss Bríd who has just lost another job.

CÁIT Chuala mé go raibh Bríd sa bhaile arís.

NÓRA Arís, an ea? Ná habair go bhfuil post eile caillte aici.

CÁIT Déarfainn go bhfuil. Tá sí sa bhaile ar aon chuma.

NÓRA Is dócha gur chaill sí é, mar sin.

CÁIT Déarfainn gur chaill. Ní féidir léi post ar bith a choinneáil.

NÓRA Dá mbeadh aon mhaith inti ní sa bhaile a bheadh sí.

CÁIT Ba chuma liom ach an chaint a bhíonn ar siúl aici. Chuirfeadh sí fearg ort.

CÁIT *I heard Bríd was home again.*

NÓRA *Again, is it? Don't say she has lost another job.*

CÁIT *I'd say she has. She's at home anyway.*

NÓRA *I suppose she lost it, so.*

CÁIT *I'd say she did. She can't keep any job.*

NÓRA *If she was any good it's not at home she'd be.*

CÁIT *I wouldn't care only for all the talk she has. She'd vex you.*

CEACHT 101


	gheobhadh sé	he would get
ní bhfaigheadh sé	go bhfaigheadh sé	
	he wouldn't get	that he'd get
an bhfaigheadh sé?	nach bhfaigheadh sé	
	would he get?	that he wouldn't get
na toitíní	the cigarettes	
na builíní	the loaves	
na glasraí	the vegetables	
	na cipíní	the matches
	na cácaí	the cakes
	na torthaí	the fruit(s)



Déarfainn go bhfaigheadh sé na toitíní ansin.



Déarfainn go bhfaigheadh sé na cipíní ansin.



Déarfainn go bhfaigheadh sé na builíní ansin.



Déarfainn go bhfaigheadh sé na cácaí ansin.



Déarfainn go bhfaigheadh sé na glasraí ansin.



Déarfainn go bhfaigheadh sé na torthaí ansin.

Déarfainn nach bhfaigheadh sí ansin é.

I'd say she wouldn't get it there.

Ní bhfaigheadh sé aon cheann anseo.

He wouldn't get one here.

Nach bhfaigheadh sé sa siopa sin iad?

Wouldn't he get them in that shop?

Gheobhadh sí iad dá mbeadh siad ann.

She'd get them if they were there.

D'íosfadh sé píosa dá bhfaigheadh sé é.


He'd eat a piece if he got it.

Chaitheadh sí toitín dá mbeadh ceann aici.

She'd smoke a cigarette if she had one.

thabharfadh *would give, would bring*

ionadh *wonder, surprise* saor *cheap*
 tá ionadh orm *I'm surprised* níos saoire *cheaper*



GONE TO DUBLIN

Cáit wonders where Pádraig is tonight and Séamas thinks he knows.

CÁIT Tá ionadh orm nár tháinig Pádraig roimhe seo.

SÉAMAS Déarfainn nach mbeidh sé linn anocht. Bhí sé le dul go Baile Átha Cliath.

CÁIT Cén gnó a thabharfadh ansin é?

SÉAMAS Bhí sé le carr a cheannach ann.

CÁIT Nach bhfaigheadh sé carr anseo sa bhaile gan dul go Baile Átha Cliath?

SÉAMAS B'fhéidir go bhfaigheadh sé níos saoire ansin é.

CÁIT Níl a fhios agam an bhfaigheadh, anois!

CÁIT *I'm surprised Pádraig hasn't come before this.*

SÉAMAS *I'd say he won't be with us tonight. He was to go to Dublin.*

CÁIT *What business would bring him there?*

SÉAMAS *He was to buy a car there.*

CÁIT *Wouldn't he get a car at home here without going to Dublin?*

SÉAMAS *Maybe he'd get it cheaper there.*

CÁIT *I don't know would he, now!*

	bheidís	they would be
	ní bheidís	they would not be
an t-am	the time	
aon scéal	any news	
	an chaoi	the opportunity, the chance
	a fhios	knowledge of it




Bheidís anseo dá mbeadh an carr acu.



Bheidís anseo dá mbeadh an t-airgead acu.



Bheidís anseo dá mbeadh an t-am acu.



Bheidís anseo dá mbeadh an chaoi acu.



Bheidís anseo dá mbeadh aon scéala acu.



Bheidís anseo dá mbeadh a fhios acu.

Bheidís imithe abhaile roimhe seo.

They would be gone home before this.

Ní bheidís tagtha chomh luath seo.

They wouldn't have arrived so early.

Ní bheidís ann dá mbeadh an aimsir fliuch.

They wouldn't be there if the weather were wet.

Ní bheidís sásta éirí as na toitíní a chaitheamh.

They wouldn't be satisfied to give up smoking.

Bheidís níos saoire sa siopa eile.

They'd be cheaper in the other shop.

Bheidís go léir sásta leis an gceann sin.

They'd be all satisfied with that one.

níos mó díobh	more of them	athdhíolta	secondhand
le ceannach	to buy	le feiceáil	to be seen



QUESTIONS!

Nóra tells the children about Pádraig's business in Dublin.

SEÁN Cén fáth a ndeachaigh daidí go Baile Átha Cliath inniu, a mhamáí?

NÓRA Le carr a cheannach, a stór.

MÁIRE Nach bhfaigheadh sé carr le ceannach sa bhaile mór anseo?

NÓRA Gheobhadh, is dócha. Ach ceann athdhíolta atá uaidh.

SEÁN Bheidís sin níos saoire thuas i mBaile Átha Cliath.

NÓRA Bheidís, agus bheadh níos mó díobh le feiceáil ansin freisin.

MÁIRE Ba mhaith liom é dá bhfaigheadh sé ceann.

SEÁN Why did daddy go to Dublin today, mammy?

NÓRA To buy a car, love.

MÁIRE Wouldn't he get a car to buy in town here?

NÓRA He would, probably. But it's a secondhand one he wants.

SEÁN They would be cheaper above in Dublin.

NÓRA They would, and there would be more of them to be seen there also.

MÁIRE I'd like him to get one.

shílfeá *you would think*
ní shílfeá *you wouldn't think*

go dtiocfadh sé *that he would come*

go rachadh sé *that he would go*

go bhfanfadh sé *that he would wait*

go labhródh sé *that he would speak*

go n-éistfeadh sé *that he would listen*

go n-imreodh sé *that he would play*



Shílfeá go dtiocfadh sé leo.



Shílfeá go labhródh sé leo.



Shílfeá go rachadh sé leo.



Shílfeá go n-éistfeadh sé leo.



Shílfeá go bhfanfadh sé leo.



Shílfeá go n-imreodh sé leo.

Shílfeá gur chaill sé punt.

Shílfeá go mbeadh áthas uirthi.

Shílfeá go mbeadh na glasraí níos saoire anois.

Shílfeá go rachadh níos mó daoine ann.

Shílfeá go dtabharfadh an múinteoir ceann duitse.

Shílfeá go bhfaigheadh sí níos saoire ná sin iad.

You'd think he lost a pound.

You'd think she'd be glad.

You'd think vegetables would be cheaper now.

You'd think more people would go there.

You'd think the teacher would give you one.

You'd think she'd get them cheaper than that.

daor *dear*
níos daoire *dearer*

ar éirigh leat? *did you succeed?* le féachaint air *to look at it*
did you get on?



REPORTING PROGRESS

On his return from his Dublin trip Pádraig answers Nóra's questions.

NÓRA Cén chaoi ar éirigh leat sa chathair, a Phádraig?

PÁDRAIG Go maith, is dóigh liom. Cheannaigh mé an carr ar aon chuma.

NÓRA Seancheann, an ea?

PÁDRAIG Dhá bhliain atá sé ar an mbóthar. Ach shílfeá le féachaint air gur ceann nua é.

NÓRA Bhí sé daor mar sin, is dócha?

PÁDRAIG Ní raibh: dhá chéad caoga a thug mé air.

NÓRA Bhí sin saor go leor. Shílfeá go mbeadh carr chomh maith leis níos daoire ná sin.

NÓRA *How did you get on in the city, Pádraig?*

PÁDRAIG *Well, I think. I bought a car, anyway.*

NÓRA *An old one, is it?*

PÁDRAIG *It's two years on the road. But you'd think to look at it that it is a new one.*

NÓRA *It was dear so, probably?*

PÁDRAIG *No: two hundred and fifty I paid for it.*

NÓRA *That was cheap enough. You'd think a car as good as that would be dearer than that.*

is féidir (le) *it is possible (for)*

arbh fhéidir leo? *could they?*
 nárbh fhéidir leo? *couldn't they?*

b'fhéidir leo *they could*
 níorbh fhéidir leo *they couldn't*

fanacht *to stay, to wait*
 imirt *to play*
 siúl *to walk*

éirí *to get up*
 tiomáint *to drive*
 rith *to run*




Níorbh fhéidir leo fanacht.



Níorbh fhéidir leo éirí.




Níorbh fhéidir leo imirt.



Níorbh fhéidir leo tiomáint.



Níorbh fhéidir leo siúl.



Níorbh fhéidir leo rith.

Arbh fhéidir leo teacht?
 Nárbh fhéidir léi a bheith anseo?
 Is féidir le Seán é a dhéanamh.
 Ar mhaith libh teacht isteach?
 Níor mhaith linn é a dhéanamh.
 Nár mhaith le haon duine é sin
 a ithe?

Could they come?
Couldn't she be here?
Seán can do it.
Would you like to come in?
We wouldn't like to do it.
Wouldn't anyone like to eat that?

le haghaidh *for*

le haghaidh an Domhnaigh *for Sunday* Dé Sathairn *(on) Saturday*
 gan dabht *without doubt,*
 g(h)aráiste *a garage* no doubt



MORE QUESTIONS !!

The children don't understand why Pádraig hasn't brought home the car he bought.

SEÁN Cá bhfuil an carr nua a fuair tú inné, a dhaidí?
 PÁDRAIG Tá sé sa gharáiste i mBaile Átha Cliath go fóill.
 MÁIRE Cén fáth, a dhaidí? Nárbh fhéidir leat é a thiomáint abhaile?
 PÁDRAIG B'fhéidir liom, gan dabht, ach ní raibh sé réidh.
 SEÁN Cén uair a gheobhaidh tú é?
 PÁDRAIG Déarfainn go mbeidh sé agam Dé Sathairn seo chugainn.
 MÁIRE Go maith! Beidh sé againn le haghaidh an Domhnaigh, mar sin.

SEÁN *Where's the new car you got yesterday, daddy?*
 PÁDRAIG *It's in the garage in Dublin still.*
 MÁIRE *Why, daddy? Couldn't you drive it home?*
 PÁDRAIG *I could, without doubt, but it wasn't ready.*
 SEÁN *When will you get it?*
 PÁDRAIG *I'd say I'll have it next Saturday.*
 MÁIRE *Good! We'll have it for Sunday, if so.*

bhíodh *used to be*
ní bhíodh *used not to be*

luath *early*
furasta *easy*
bog *soft, easy*



Bhíodh sé luath ar scoil gach maidin.

deireanach *late*
deacair *hard, difficult*
crua *hard, severe*



Bhíodh sé deireanach ar scoil gach maidin.



Bhíodh na ceachtanna furasta.



Bhíodh na ceachtanna deacair.



Bhíodh saol bog aige.



Bhíodh saol cruu aige.

Bhíodh sé ag díol éisc.
Bhíodh siad ag imirt linne fadó.
Bhíodh sé níos saoire ná sin.

Ní bhíodh an t-am acu níos mó a dhéanamh.

Ní bhíodh duine le feiceáil ann.
Ní bhíodh sé ann go rómhinic.

*He used to sell fish.
They used play with us long ago.
It was (used to be) cheaper than that.*

They didn't have time to do any more.

*There wasn't one to be seen there.
He used not be there too often.*

thug *brought*

déanamh *make ("brand")* úd *that, yonder*



NEIGHBOURLY INTEREST

Séamas asks Pádraig about the car he bought.

SÉAMAS Chuala mé gur cheannaigh tú carr, a Phádraig?

PÁDRAIG Cheannaigh, ach níor thug mé abhaile go fóill é.

SÉAMAS Cén déanamh é?

PÁDRAIG An bhfuil a fhios agat an cineál úd a bhíodh ag an seansagart paróiste?

SÉAMAS Is cuimhin liom go maith an saghas sin. Is iad a bhíodh go maith.

PÁDRAIG Déarfainn go bhfuil an ceann seo go maith freisin.

SÉAMAS Go maire tú é, cibé ar bith.

PÁDRAIG Go raibh maith agat, a Shéamais.

SÉAMAS *I heard you bought a car, Pádraig.*

PÁDRAIG *I did, but I didn't bring it home yet.*

SÉAMAS *What make is it?*

PÁDRAIG *Do you know that kind the old parish priest had?*

SÉAMAS *I remember that kind well. They were good.*

PÁDRAIG *I'd say this one is good also.*

SÉAMAS *Good luck with it, anyway.*

PÁDRAIG *Thanks, Séamas.*

-f(e)á *you would* —

gheofá *you would get*
 d'fheicfeá *you would see*
 cheannófá *you would buy*


ní bhfaighfeá *you wouldn't get*
 ní fheicfeá *you wouldn't see*
 ní cheannófá *you wouldn't buy*

áit *place*

Gheofá san áit sin iad.



Ní bhfaighfeá san áit sin iad.



D'fheicfeá san áit sin iad.



Ní fheicfeá san áit sin iad.



Cheannófá san áit sin iad.




Ní cheannófá san áit sin iad.

Gheofá in áit ar bith iad.
 Ní bhfaighfeá ar an airgead sin iad.
 D'fheicfeá i siopa ar bith iad.
 Ní fheicfeá rud ar bith in áit mar sin.
 Cheannófá saor ansin iad.
 Ní cheannófá ceann chomh daor leis sin.

You'd get them anywhere.
You wouldn't get them for that money.
You'd see them in any shop.
You wouldn't see a thing in a place like that.
You'd buy them cheap there.
You wouldn't buy one as dear as that.

thiocfá *you would come*

an dtiocfá? *would you come?* an chathair *the city*
 ba chuma liom *I wouldn't care* sa tsráid *in the street, in the village*



A NEW HAT

Cáit asks Nóra about going to the city to buy a hat.

- CÁIT An dtiocfá liom go dtí an chathair lá éigin, a Nóra?
 NÓRA Ní raibh mé ag smaoineamh air. Cén fáth?
 CÁIT Ba mhaith liom hata a cheannach.
 NÓRA Nach gceannófá sa tsráid anseo é?
 CÁIT Hata a cheannach sa bhaile anseo! Bheadh a fhios ag gach duine cén luach a bhí air.
 NÓRA Gheofá níos saoire anseo é, ar aon chuma.
 CÁIT Ba chuma liom sin. B'fhearr liom é a cheannach sa chathair.
 CÁIT *Would you come to the city with me some day, Nóra?*
 NÓRA *I wasn't thinking of it. Why?*
 CÁIT *I'd like to buy a hat.*
 NÓRA *Wouldn't you buy it here in the village?*
 CÁIT *Buy a hat at home here! Everyone would know the price of it.*
 NÓRA *You'd get it cheaper here, anyway.*
 CÁIT *I wouldn't care about that. I'd prefer to buy it in the city.*

-f(a)idís *they would* —

chuirfidís *they would put, send* go gcuirfidís *that they'd send*
 ní chuirfidís *they wouldn't send* nach gcuirfidís *that they wouldn't send*

scéala *news*
 litir *a letter*
 pictiúr *a picture*
 chugam *to me*

teachtaireacht *a message*
 teileagram *a telegram*
 airgead *money*
 chugat *to you*



Shílfeá go gcuirfidís scéala chugat.



Shílfeá go gcuirfidís teachtair-eacht chugat.



Shílfeá go gcuirfidís litir chugat.



Shílfeá go gcuirfidís teileagram chugat.



Shílfeá go gcuirfidís pictiúr chugat.




Shílfeá go gcuirfidís airgead chugat.

Shílfeá go gcuirfidís chugat é.
 Shílfeá go gcuirfidís abhaile in am iad.
 Nach sílfeá go raibh sí chomh sean le mo mháthair?
 Nach sílfeá go gcuirfidís éadaí maithe orthu?
 Shílfeá go dtiocfaidís abhaile linn.
 Ba chuma liom ach é a cheannach.

You'd think they'd send it to you.
You'd think they'd send them home in time.
Wouldn't you think she was as old as my mother?
Wouldn't you think they'd put good clothes on them?
You'd think they'd come home with us.
I wouldn't care if only I could buy it.

uathu *from them*

a bhean chéile *his wife* le haghaidh na Nollag *for Christmas*
 cúpla focal *a few words* buíochais *(of) thanks*




RELATIVES

Cáit and Nóra discuss the ingratitude of Cáit's relatives.


NÓRA Cén chaoi a bhfuil do dheartháir agus a bhean chéile?
 CÁIT Níl a fhios agam. Scéala ar bith níor tháinig uathu le fada.
 NÓRA Nach sílfeá anois go gcuirfidís litir abhaile chugat?
 CÁIT Shílfeá go gcuirfeadh a bhean scéala éigin chugainn, ceart go leor.
 NÓRA Agus bhí tú an-mhaith dóibh nuair a tháinig siad abhaile le haghaidh na Nollag.
 CÁIT Ní bhfuair mé litir uathu ó shin.
 NÓRA Shílfeá go gcuirfidís cúpla focal buíochais chugat, cibé ar bith.
 NÓRA *How are your brother and his wife?*
 CÁIT *I don't know. I didn't hear from them for a long time.*
 NÓRA *Wouldn't you think now they'd write home to you?*
 CÁIT *You'd think his wife would send us some news, right enough.*
 NÓRA *And you were very good to them when they came home for Christmas.*
 CÁIT *I didn't get a letter from them since.*
 NÓRA *You'd think they'd send a few words of thanks to you, anyway.*

cónaí *residing, living*

tá sé ina chónaí ann *he is living there*
 tá sí ina cónaí ann *she is living there*
 tá siad ina gcónaí ann *they are living there*

na fir *the men*

Cá bhfuil na buachaillí sin ina gcónaí?

na mná *the women*


Cá bhfuil na fir sin ina gcónaí?



Cá bhfuil na cailíní sin ina gcónaí?



Cá bhfuil na mná sin ina gcónaí?



Cá bhfuil na leanaí sin ina gcónaí?



Cá bhfuil na daoine sin ina gcónaí?

Tá sé ina chónaí sa chathair le fada.

He's living in the city for a long time.

Tá sé féin agus a bhean chéile ina gcónaí sa bhaile mór anois.

He and his wife are living in the town now.

Níl aon duine ina chónaí sa teach sin.

No one lives in that house.

Bhíodh an sagart paróiste ina chónaí sa teach úd fadó.

The parish priest lived in that house (yonder) long ago.

Ní bhíodh sé ina chónaí ansin cúpla bliain ó shin.


He didn't live there a few years ago.

Ní chuirfeá aon duine a chónaí san áit sin.

*You wouldn't put anyone living in that place.*sular *before*

phós sé *he married*
 le déanaí *lately*
 Sasana *England*

pósta *married*
 le roinnt blianta *for some years past*
 áit *strange*



MORE RELATIVES

Pádraig asks Séamas about his son.

PÁDRAIG An bhfuair tú scéala ó do mhac le déanaí, a Shéamais?

SÉAMAS Ní fada ó fuair mé litir uaidh.

PÁDRAIG Cá bhfuil sé ina chónaí ar chor ar bith?

SÉAMAS Bhíodh sé ina chónaí i mbaile beag éigin i Sasana sular phós sé.

PÁDRAIG Níor chuala mé riamh gur phós sé.

SÉAMAS Tá sé pósta le roinnt blianta. Tá sé féin agus a bhean chéile ina gcónaí i Londain ó shin.

PÁDRAIG Nach áit nár chuala mé é sin, anois?

PÁDRAIG Did you hear from your son lately, Séamas?

SÉAMAS I had a letter from him not long ago.

PÁDRAIG Where is he living at all?

SÉAMAS He used to live in some little town in England before he got married.

PÁDRAIG I never heard he got married.

SÉAMAS He's married some years. He and his wife live in London since then.

PÁDRAIG Isn't it strange I didn't hear that now?

bhídís *they used be*

níos fearr *better*
 níos mó *bigger*
 níos faide *longer*

níos measa *worse*
 níos lú *smaller*
 níos deise *nicer*



Shíl mé go mbídís níos fearr ná sin.



Shíl mé go mbídís níos measa ná sin.



Shíl mé go mbídís níos mó ná sin.



Shíl mé go mbídís níos lú ná sin.



Shíl mé go mbídís níos faide ná sin.



Shíl mé go mbídís níos deise ná sin.

Bhídís níos measa sa gheimhreadh.

They were worse in the winter.

Bhídís níos fearr sular tháinig an aimsir fhuar.

They were better before the cold weather came.

Bhídís ina gcónaí sa chathair fadó.

They lived in the city long ago.

Bhídís anseo go minic nuair a bhíodh na leanaí sa bhaile.


They were often here when the children were at home.

Shílfeá go mbídís féin an-ghnóthach.

You'd think they were very busy themselves.

Shílfeá nach mbídís féin tinn riamh.

You'd think they themselves were never sick.

nár *that (negative)*fuair N bás *N died*bean chéile Shéamais *Séamas's wife*thug sé *he brought*beo *alive*

LOCAL NEWS

Pádraig passes on to Nóra the information about Séamas's son.

PÁDRAIG Bhí mé ag caint le Séamas aréir. Ní raibh a fhios agam go raibh a mhac pósta.

NÓRA Tá cinnte. Tá sé pósta le roinnt blianta anois.

PÁDRAIG Shílfeá anois go mbeadh a fhios agam faoi sin.

NÓRA Bhí sé pósta sula bhfuair bean chéile Shéamais bás.

PÁDRAIG Is dócha nár thug sé a bhean chéile abhaile leis riamh?

NÓRA Bhídís sa bhaile anseo ceart go leor nuair a bhí an tseanbhean beo.

PÁDRAIG Ní cuimhin liom go bhfaca mé riamh anseo iad.

PÁDRAIG *I was talking to Séamas last night. I didn't know his son was married.*

NÓRA *He is indeed. He's married some years now.*

PÁDRAIG *You'd think now I'd know about that.*

NÓRA *He was married before Séamas's wife died.*

PÁDRAIG *I suppose he never brought his wife home with him.*

NÓRA *They used be home right enough when the old woman was alive.*

PÁDRAIG *I don't remember ever having seen them here.*

ag smaoineamh ar *thinking of*an duine sin *that person*an rud sin *that thing*an ceann sin *that one*na daoine sin *those people*na rudaí sin *those things*na cinn sin *those ones*

Nílím ag smaoineamh ar an duine sin.



Nílím ag smaoineamh ar na daoine sin.



Nílím ag smaoineamh ar an rud sin.



Nílím ag smaoineamh ar na rudaí sin.



Nílím ag smaoineamh ar an gceann sin.



Nílím ag smaoineamh ar na cinn sin.

Céard air a bhfuil tú ag smaoineamh anois?

What are you thinking of now?

Táim ag smaoineamh ar a dhéanaí is atá sé.

I'm thinking of how late it is.

Níl tú ag smaoineamh ar dhul abhaile fós?

You're not thinking of going home yet?

Ba cheart duit a bheith ag smaoineamh air.

You ought to be thinking about it.

Is minic a bhí mé ag smaoineamh air sin.

I was often thinking of that.

Ní maith liom smaoineamh air!

*I don't like to think of it!*a *who*i d'aonar *(you) alone*uaigneach *lonely*de mo leithéid *of my kind, like me*i do chónaí *(you) residing*phósfadh *would marry*

IDEAS!

Cáit suggests that Séamas might think of marrying again.

CÁIT Nach mbíonn tú uaigneach, a Shéamais, i do chónaí i d'aonar sa teach mór sin?

SÉAMAS Ní bhíonn. Ní bhíonn an t-am agam a bheith ag smaoineamh air.

CÁIT Nach gcuirfeá do shúil ar chailín éigin anois a phósfadh thú?

SÉAMAS Cén cailín a bheadh sásta le seandúine de mo leithéid?

CÁIT Níl tú chomh sean sin nach bhfaighfeá bean in áit éigin.

SÉAMAS Beidh mé ag smaoineamh air, b'fhéidir.

CÁIT Aren't you lonely, Séamas, living alone in that big house?

SÉAMAS No. I haven't time to think of it.

CÁIT Wouldn't you put an eye on some girl now that would marry you?

SÉAMAS What girl would be satisfied with an old fellow like me?

CÁIT You're not so old you wouldn't get a wife somewhere.

SÉAMAS I'll be thinking about it, maybe.

bheifeá *you would be*an mbeifeá? *would you be?*
ní bheifeá *you wouldn't be*go mbeifeá *that you'd be*
nach mbeifeá (?) *wouldn't you be?*
*that you wouldn't be*dall *blind*
gnóthach *busy*
dána *bold*bodhar *deaf*
tuirseach *tired*
uaigheach *lonely*

Ní bheifeá chomh dall sin.




Ní bheifeá chomh bodhar sin.



Ní bheifeá chomh gnóthach sin.



Ní bheifeá chomh tuirseach sin.



Ní bheifeá chomh dána sin.



Ní bheifeá chomh huaigheach sin.

Bheifeá tuirseach ag éisteacht leo.

You'd be tired listening to them.

Ní bheifeá ag smaoineamh ar theacht abhaile?

You wouldn't be thinking of coming home?

Nach mbeifeá níos fearr gan an seanhata sin ort?

Wouldn't you be better without that old hat on you?


Bheifeá níos deise gan an ribín sin ort.

You'd be nicer without that ribbon on you.

An mbeifeá uaigneach gan na páistí anseo?

Would you be lonely without the children here?

Nach mbeifeá ag smaoineamh ar a dhéanaí atá sé?

*Wouldn't you be thinking of how late it is?*ar leith *special, particular*c(h)omhairle *advice*p(h)ósadh *marriage, marrying, to marry*aire *attention, care*
abair leat! *talk away!*níos fearr as *better off*
dhéanfa *you would do, make*

IDEAS GROW

Séamas broaches to Pádraig the idea of getting married again.

SÉAMAS Ba mhaith liom do chomhairle a iarraidh faoi rud éigin, a Phádraig.

PÁDRAIG Abair leat! Céard faoi?

SÉAMAS Ag smaoineamh ar phósadh arís atáim.

PÁDRAIG Dhéanfa rud níos measa, b'fhéidir. An bhfuil tú ag smaoineamh ar aon bhean ar leith?

SÉAMAS Nílím, go fóill, ar aon chuma.

PÁDRAIG Bheifeá níos fearr as dá mbeadh bean ag tabhairt aire duit.

SÉAMAS Is dócha go bhfuil an ceart agat. Beidh mé ag smaoineamh air tamall eile.

SÉAMAS I'd like to ask your advice on something, Pádraig.

PÁDRAIG Talk away! What about?

SÉAMAS I'm thinking of marrying again.

PÁDRAIG You could do worse, maybe. Are you thinking of any particular woman?

SÉAMAS No, not yet, anyway.

PÁDRAIG You'd be better off if a woman were taking care of you.

SÉAMAS I suppose you're right. I'll be thinking of it for another while.

	in éineacht le	<i>in company with, along with</i>
bhíomar	<i>we were</i>	ní rabhamar <i>we were not</i>
athair Sheáin	<i>Séan's father</i>	athair Cháit <i>Cáit's father</i>
athair Shéamais	<i>Séamas's father</i>	athair Nóra <i>Nóra's father</i>
athair Phádraig	<i>Pádraig's father</i>	athair Mháire <i>Máire's father</i>



Bhíomar in éineacht le hathair Sheáin.



Bhíomar in éineacht le hathair Cháit.



Bhíomar in éineacht le hathair Shéamais.



Bhíomar in éineacht le hathair Nóra.



Bhíomar in éineacht le hathair Phádraig.



Bhíomar in éineacht le hathair Mháire.

Bheifeá in éineacht leis na cailíní eile.

You'd be in company with the other girls.

Ní rabhamar in éineacht leatsa. Bhídís in éineacht le daoine eile ag teacht abhaile dóibh.

We weren't in company with you. They used to be with other people coming home.

Bheifeá in éineacht le hathair Sheáin.

You'd be with Séan's father.

Beidh tú in éineacht le máthair Mháire.

You will be with Máire's mother.

Cé a bhí in éineacht leo ar an mbealach abhaile ón scoil?

Who was with them on the way home from school?

dó *to him*
dósan *to him (emphatic)*

nach cuma dósan? *isn't it a matter of indifference to him?* nár mhaith dó? *wouldn't it be good for him?*



SPREADING THE NEWS

Pádraig has big news for Nóra.

PÁDRAIG Bhí mé in éineacht le Séamas aréir. Bhíomar ag caint ar ghnó mór éigin.

NÓRA Gnó mór, an ea? Cén gnó é?

PÁDRAIG D'iarr sé mo chomhairle faoi phósadh arís.

NÓRA Séamas ag smaoineamh ar phósadh arís!

PÁDRAIG Sea, nár mhaith dó bean a bheith aige le haire a thabhairt dó?

NÓRA Agus céard faoina mhac? Ní bheadh seisean róshásta.

PÁDRAIG Nach cuma dósan agus é thall i Sasana?

PÁDRAIG *I was with Séamas last night. We were talking of some important matter.*

NÓRA *Important matter, is it? What was it?*

PÁDRAIG *He asked my advice about getting married again.*

NÓRA *Séamas thinking of marrying again!*

PÁDRAIG *Yes, wouldn't it be good for him to have a wife to look after him?*

NÓRA *And what about his son? He wouldn't be too satisfied.*

PÁDRAIG *Isn't it a matter of indifference to him and he over in England?*

a *which, that*

atá *which is (now)* a bhí *which was*
 a bhíonn *which is (usually)* a bheidh *which will be*

Domhnach a bhí ann *it was a Sunday*

Luan *a Monday* Máirt *a Tuesday*
 Céadaoin *a Wednesday* Déardaoin *a Thursday*
 Aoine *a Friday* Satharn *a Saturday*



Luan a bhí ann.



Máirt a bhí ann.



Céadaoin a bhí ann.



Déardaoin a bhí ann.



Aoine a bhí ann.



Satharn a bhí ann.

An Chéadaoin atá ann inniu.
 An Mháirt a bhí ann inné.
 An Déardaoin a bheidh ann amárach.
 Lá maith spóirt a bhíonn ann.
 Athair Sheáin a bhí ann.

Fear dall a bhí ann.

It is Wednesday today.
It was Tuesday yesterday.
It will be Thursday tomorrow.
It is (usually) a good day's sport.
It was Seán's father (who was there).
It was a blind man (who was there).

céard faoi N? *what about N?*

an bheirt acu *the two of them* gortaithe *cut, injured*
 lámh thinn *a sore hand* a ghlúin *his knee*
 ag cur air *troubling him* gearrtha *cut*



AN ACCIDENT

Seán tells his mother why Tomás wasn't at school.

SEÁN Ní raibh Tomás ar scoil inniu, a mhamáí.
 NÓRA Cén fáth, an bhfuil a fhios agat?
 SEÁN Lámh thinn atá ag cur air, a dúirt a dheartháir leis an múinteoir.
 NÓRA Céard a tharla dó?
 SEÁN Bhí sé ar rothar in éineacht le Peadar, agus thit an bheirt acu.
 NÓRA Agus céard faoi Pheadar? An raibh seisean gortaithe?
 SEÁN Ní raibh air ach a ghlúin a bheith gearrtha. Bhí sé ar scoil inniu.
 SEÁN Tomás wasn't at school today, mammy.
 NÓRA I wonder why?
 SEÁN He has a sore arm, his brother told the teacher.
 NÓRA What happened to him?
 SEÁN He was on a bicycle with Peadar, and the two of them fell.
 NÓRA And what about Peadar? Was he injured?
 SEÁN He had only a cut knee. He was at school today.

an gcuireann tú? *do you put?*
 cuirim *I put*
 ní chuirim *I don't put*

Similarly

feiceann *sees*
 tuigeann *understands*
 cloiseann *hears*

creideann *believes*
 síleann *thinks*
 aithníonn *recognises*



An bhfeiceann tú (é) sin?



An gcreideann tú (é) sin?



An dtuigeann tú (é) sin?



An síleann tú (é) sin?



An gcloiseann tú (é) sin?



An aithníonn tú (é) sin?

Creidim gur tinneas cinn atá uirthi.
 Ní shílím go bhfuil sí gortaithe.
 Creidim go bhfuil athair Sheáin tagtha anois.
 Aithním an duine atá in éineacht leis.
 Tuigim níos fearr anois é, ceart go leor.
 Nach bhfeiceann tú máthair Cháit riamh?

I believe she has a headache.
I don't think she's injured.
I believe Séán's father has come now.
I recognise the person with him.
I understand it better now, right enough.
Don't you ever see Cáit's mother?

tá siad á rá *they're saying it*

iontach *strange, wonderful*

fíor *true*



CERTAINTY

Cáit hears the result of her joke without recognising her own part in it.

NÓRA Ar chuala tú an scéal iontach faoi Shéamas, a Cháit?
 CÁIT Cén scéal é?
 NÓRA Tá siad á rá go bhfuil sé ag smaoineamh ar phósadh arís.
 CÁIT Níor chuala mé dada faoi. An gcreideann tú go bhfuil sé fíor?
 NÓRA Síleann Pádraig go bhfuil, ar aon chuma. Bhí Séamas ag iarraidh a chomhairle air.
 CÁIT Creidim go ndúirt Séamas rud éigin mar sin liom féin tamall ó shin, ceart go leor.
 NÓRA An bhfeiceann tú sin anois? Is dócha go bhfuil sé fíor' mar sin.
 NÓRA Did you hear the strange story about Séamas, Cáit?
 CÁIT What story?
 NÓRA They're saying he's thinking of marrying again.
 CÁIT I heard nothing of it. Do you believe it's true?
 NÓRA Pádraig thinks it is, anyway. Séamas was asking his advice.
 CÁIT I believe Séamas mentioned something like that to myself some time ago, right enough.
 NÓRA Do you see that, now? I suppose it's true, so.

bím *I am (regularly)*
ní bhím *I am not (regularly)*

thall	<i>yonder</i>	lampa	<i>a lamp</i>
thiar	<i>over (west)</i>	solas	<i>a light</i>
thoir	<i>over (east)</i>	scáthán	<i>a mirror</i>


faoin bpictiúr *under the picture* faoin bhfuinneog *under the window*



Bím thall ansin faoin lampa. Bím thall ansin faoin solas.



Bím thall ansin faoin scáthán. Bím thall ansin faoin bpictiúr.



Bím thall ansin faoin bhfuinneog. Bím thall ansin faoin gclog.

Bím thiar ag an teach sin go minic.	<i>I'm often over (west) at that house.</i>
Ní bhím thoir ansin riamh.	<i>I'm never over (east) there.</i>
Bím thuas ansin anois agus arís.	<i>I'm up there now and again.</i>
Bím ag smaoineamh i gcónaí air.	<i>I'm always thinking of it.</i>
Ní bhím chomh mall le Seán.	<i>I'm not usually as late as Seán.</i>
Bím ag imirt cártaí gach oíche ann.	<i>I play cards there every night.</i>

rachfá *you would go*

ab fhearr	<i>that would be better</i>	ag cuimhneamh ar	<i>considering</i>
b'shin é a—	<i>that was what—</i>	sula bhfaighfeá	<i>before you would get</i>




THE PLOT THICKENS


Séamas introduces the lady's name in a conversation with Pádraig.

SÉAMAS	An mbíonn tú riamh thiar ag an gCrois Bheag, a Phádraig?
PÁDRAIG	Bím ann anois agus arís. Cén fáth?
SÉAMAS	An bhfuil aon aithne agat ar Shíle Nic Uidhir thiar ansin?
PÁDRAIG	Tá, cinnte. An bhfuil tú ag cuimhneamh uirthi mar bhean duit féin, anois?
SÉAMAS	Ní bheadh a fhios agat, maise. Céard a shíleann tú di?
PÁDRAIG	Rachfá i bhfad sula bhfaighfeá bean ab fhearr ná í.
SÉAMAS	B'shin é a shíl mé, ceart go leor.
SÉAMAS	<i>Are you ever at Crossbeg, Pádraig?</i>
PÁDRAIG	<i>I'm over there now and again. Why?</i>
SÉAMAS	<i>Do you know Síle Maguire over there?</i>
PÁDRAIG	<i>I do, certainly. Are you considering her as a wife for yourself, now?</i>
SÉAMAS	<i>You wouldn't know, indeed. What do you think of her?</i>
PÁDRAIG	<i>You'd go far before you'd find a better wife than her.</i>
SÉAMAS	<i>That's what I thought, right enough.</i>


	deir	says		
an ndeir tú liom é?	<i>do you tell me so?</i>	deir sé	<i>he says</i>	
deirim	<i>I say</i>	deir siad	<i>they say</i>	
an halla	<i>the hall</i>	an seomra suite	<i>the sitting-room</i>	
an chistin	<i>the kitchen</i>	an seomra bia	<i>the dining-room</i>	
an seomra codlata	<i>the bedroom</i>	an seomra folctha	<i>the bathroom</i>	



Deir sé go bhfuil sé sa halla.




Deir sé go bhfuil sé sa seomra suite.



Deir sé go bhfuil sé sa chistin.



Deir sé go bhfuil sé sa seomra bia.



Deir sé go bhfuil sé sa seomra codlata.



Deir sé go bhfuil sé sa seomra folctha.

Deirim go bhfuil an ceart aige. Deir sí go mbeifeá deireanach anois.

I say he's right. She says you'd be late now.

An ndeir tú go bhfeiceann tú anois é?

Do you say you see him now?

Deir siad go bhfuil sé thall faoin staighre.

They say it's beyond under the stairs.

Táim ag cuimhneamh ar an rud a deir tú faoi.

I'm considering what you say about it.

Ní chreideann sé aon rud a deir tú.

He doesn't believe anything you say.

ceolchoirm	<i>concert</i>	gorm	<i>blue</i>
ar eolas	<i>known ("learned")</i>	á dhéanamh	<i>doing it</i>



THE CONCERT

Máire tells her mammy she will need a new frock.

MÁIRE Deir an múinteoir go mbeidh ceolchoirm againn go luath, a mhamaí.

NÓRA An mbeidh anois? Agus an mbeidh tusa ann?

MÁIRE Beidh. Agus deir sí freisin go gcaithfidh mé gúna glas a fháil dó.

NÓRA Gúna glas! Ach nach bhfuil gúna deas gorm agat?

MÁIRE Ach beidh mé ag damhsa le triúr eile agus beidh gúnaí den dath céanna orainn go léir.

NÓRA An bhfuil an damhsa ar eolas agat?

MÁIRE Tá, cinnte. Bíim á dhéanamh sa scoil leis na cailíní eile gach lá.

MÁIRE *The teacher says we shall have a concert soon, mammy.*

NÓRA *Will you, now? And will you be in it?*

MÁIRE *I will. And she says also I'll have to get a green frock for it.*

NÓRA *A green frock! But haven't you a nice blue frock?*

MÁIRE *But I'll be dancing with three others and each of us will wear frocks of the same colour.*

NÓRA *And do you know the dance?*

MÁIRE *I do, certainly. I do it in school with the other girls every day.*

nuair *when*

téann sé *he goes*
 tagann sé *he comes*
 imíonn sé *he goes off*
 thart *by, past*

ritheann sé *he runs*
 siúlann sé *he walks*
 tiomáineann sé *he drives*
 teach tábhairne *public-house*



Feicim é nuair a théann sé thart.



Feicim é nuair a ritheann sé thart.



Feicim é nuair a thagann sé thart.



Feicim é nuair a shiúlann sé thart.



Feicim é nuair a imíonn sé thart.



Feicim é nuair a tiomáineann sé thart.

Téann Pádraig go dtí an teach
 tábhairne gach oíche.
 Tagann sé abhaile go deireanach.
 Imíonn sé leis a chodladh ansin.
 Cloiseann a bhean é nuair a
 thagann sé isteach.
 Ní ritheann sé in airde staighre,
 ar ndóigh.
 Siúlann sé go ciúin nuair a
 thagann sé isteach sa teach.

*Pádraig goes to the public-house
 every night.
 He comes home late.
 He goes off to bed then.
 His wife hears him when he comes
 in.
 He doesn't run upstairs, of course.
 He walks quietly when he comes
 into the house.*

a dhéanann *who do*

cailíní amháin *girls only*
 préachán *a crow*

ceoil *(of) music*
 níl aon cheol aige *he can't sing*



SOUR GRAPES!

Seán considers that only girls dance at concerts.

- NÓRA An mbeidh tusa sa cheolchoirm, a Sheáin?
- SEÁN Ní bheidh. Cailíní amháin a dhéanann damhsa ag ceolchoirm.
- NÓRA Agus céard a bhíonn ar siúl agatsa nuair a bhíonn na daoine eile ag foghlaim ceoil agus damhsa?
- SEÁN Bíim ag obair. Bíonn ceacht éigin á dhéanamh agam.
- MÁIRE Deir an múinteoir gur préachán é. Níl aon cheol aige.
- NÓRA Bíonn go leor ceoil aige nuair a thagann sé abhaile, maise.
- NÓRA Will you be in the concert, Seán?
- SEÁN No. Only girls dance at a concert.
- NÓRA And what do you do when the others are learning music and dancing?
- SEÁN Working. I do some lesson.
- MÁIRE The teacher says he's a crow. He can't sing.
- NÓRA He can sing well enough when he comes home, then.

bhíodh was, were, "used to be"

bhíodh sibh you used to be an mbíodh sibh? used you be?
 ní bhíodh sibh you used not be nach mbíodh sibh? usedn't you be?

teach ósta an hotel
 pictiúrlann a cinema
 amharclann a theatre


teach tábhairne a public-house
 leabharlann a library
 ospidéal an hospital



Nach mbíodh sibh sa teach ósta sin go minic?



Nach mbíodh sibh sa teach tábhairne sin go minic?



Nach mbíodh sibh sa phictiúrlann sin go minic?



Nach mbíodh sibh sa leabharlann sin go minic?



Nach mbíodh sibh san amharclann sin go minic?



Nach mbíodh sibh san ospidéal sin go minic?

Bhíodh Pádraig ag na pictiúir go minic nuair a bhí sé óg.
 Bhíodh Nóra ag na pictiúir freisin.

Ní minic a bhíodh sé sa teach tábhairne.

Is fearr leis anois an teach tábhairne ná an phictiúrlann.
 Feiceann sé Séamas nuair a théann sé ann.

Siúlann an bheirt acu abhaile le chéile.

Pádraig was at the pictures often when he was young.

Nóra was also at the pictures.

It's not often he was in the public-house.

He prefers the public-house now to the cinema.

He sees Séamas when he goes there.

The two of them walk home together.

níos minice more often

lena chairde with his friends oíche (one) night



DIFFICULT QUESTIONS!

Máire has some probing questions for her mother.

MÁIRE Ní théann tusa agus daidí go dtí na pictiúir riamh, a mhamai. Cén fáth?

NÓRA Níl a fhios agam. Ní maith le daidí anois iad, is dócha.

MÁIRE An mbíodh sibh ag na pictiúir níos minice fadó?

NÓRA Bhíodh, is dócha. Ach ní raibh an teilifís againn an t-am sin.

MÁIRE Agus cá mbíonn daidí nuair a théann sé amach san oíche?

NÓRA Buaileann sé lena chairde, is dócha.

MÁIRE Chonaic mise ag dul isteach sa teach tábhairne oíche é.

MÁIRE You and daddy never go to the pictures, mammy. Why?

NÓRA I don't know. Daddy doesn't like them now, probably.

MÁIRE Were you at the pictures more often long ago?

NÓRA We were, probably. But we had no television then.

MÁIRE And where is daddy usually when he goes out at night?

NÓRA He meets his friends, probably.

MÁIRE I saw him going into the public-house one night.

ná (negatives an order)
gan not to

caith clocha *throw stones*

gan clocha a chaitheamh *not to throw stones*

caith páipéir *throw papers*

gan páipéir a chaitheamh *not to throw papers*

caith toitíní *smoke cigarettes*

gan toitíní a chaitheamh *not to smoke cigarettes*



Ná caith clocha anseo.



Abair leis gan clocha a chaith-
eamh anseo.



Ná caith páipéir anseo.



Abair leis gan páipéir a chaith-
eamh anseo.



Ná caith toitíní anseo.



Abair leis gan toitíní a chaith-
eamh anseo.

Ná caith an chloch sin, a Sheáin.
Céard a deir tú faoi chloch a
chaitheamh, a mhamáí?
Abair le Seán gan an chloch sin
a chaitheamh.


Ná déan é sin anois, a Sheáin.
Dúirt daidí gan é sin a dhéanamh.
B'fhearr duit gan é a dhéanamh
nuair a deir daidí é.

Don't throw that stone, Seán.
What do you say about throwing
a stone, mammy?
Tell Seán not to throw that stone.

Don't do that now, Seán.
Daddy said not to do that.
It would be better for you not to do
it when daddy says it.

go may (expressing a wish)

sinn *us* á rá *saying it*
go sábhála Dia sinn *may God* á rá leis *telling him*
protect us



DANGER!

Pádraig is annoyed to see Seán climbing up on the garage.

PÁDRAIG Go sábhála Dia sinn! Féach an áit a bhfuil Seán anois!
NÓRA Cén áit é?

PÁDRAIG In airde ar an ngaráiste. Céard a thugann air dul in
airde ansin?

NÓRA Is minic a dhéanann sé é. Táim tuirseach á rá leis gan é
a dhéanamh.

PÁDRAIG Rith amach, a Mháire, agus abair leis gan dul in airde
ar an ngaráiste arís.

MÁIRE A Sheáin, deir daidí leat gan dul in airde ar an ngaráiste
arís.

SEÁN Ní raibh a fhios agam go raibh daidí sa bhaile.

PÁDRAIG *May God save us! Look where Seán is now!*
NÓRA *Where?*

PÁDRAIG *Up on the garage. What makes him go up there?*
NÓRA *He does it often. I'm tired telling him not to.*

PÁDRAIG *Run out, Máire, and tell him not to go up on the garage*
again.

MÁIRE *Seán, daddy says you're not to go up on the garage again.*
SEÁN *I didn't know daddy was home.*

	am	time		
am dinnéir	dinner time	am lóin	lunch time	
thagadh sé	he came, (he used to come)	ní thagadh sé	he didn't come, (he used not come)	
théadh sé	he went, (he used to go)	ní théadh sé	he didn't go, (he used not go)	
ritheadh sé	he ran, (he used to run)	ní ritheadh sé	he didn't run, (he used not run)	



Thagadh sé abhaile am dinnéir.



Ní thagadh sé abhaile am lóin.



Théadh sé abhaile am dinnéir.



Ní théadh sé abhaile am lóin.



Ritheadh sé abhaile am dinnéir.



Ní ritheadh sé abhaile am lóin.

Thagadh sé abhaile anois agus arís.	<i>He came home now and again.</i>
Ní thagadh aon duine anseo ar laethanta saoire fadó.	<i>No one came here on holidays long ago.</i>
Bhíodh tusa as baile nuair a thagadh sé.	<i>You were away from home when he came.</i>
Théadh sé abhaile chun a mháthair a fheiceáil.	<i>He went home to see his mother.</i>
Théadh sé ann nuair a bhíodh an t-airgead aige.	<i>He went there when he had money.</i>
Ní théadh aon duine chun na háite sin riamh.	<i>No one ever went to that place.</i>

an dtéadh N? *did N go?*
go dtéadh N *that N went*

c(h)éanna	same	teach do sheanmháthar	<i>your granny's house</i>
muintir	people	a mhuintir	<i>his people</i>



FAMILY HISTORY

Máire is not too clear on family relationships.

MÁIRE	An dtéadh daidí ar an scoil chéanna leatsa fadó, a mhamáí?
NÓRA	Ní théadh. Ní raibh aithne agam air san am sin.
MÁIRE	Cá raibh tú i do chónaí, mar sin?
NÓRA	I dteach do sheanmháthar sa bhaile mór.
MÁIRE	Agus cé a bhí ina chónaí sa teach seo?
NÓRA	D'athair, ar ndóigh. Bhí sé ina chónaí anseo lena mhuintir go léir.
MÁIRE	Shíl mé go mbíodh an bheirt agaibh ar scoil le chéile.
MÁIRE	<i>Did daddy go to the same school as you long ago, mammy?</i>
NÓRA	<i>No. I didn't know him at that time.</i>
MÁIRE	<i>Where were you living, so?</i>
NÓRA	<i>In grandmother's house, in the town.</i>
MÁIRE	<i>And who lived in this house?</i>
NÓRA	<i>Your father, of course. He lived here with all his people.</i>
MÁIRE	<i>I thought the two of you were at school together.</i>

beimid *we shall be*
ní bheimid *we shall not be*

ag súil leo *expecting them*
ag bualadh leo *meeting them*
ag súgradh leo *playing with them*



Beimid ag súil leo ar ball.

ag fanacht leo *waiting for them*
ag caint leo *speaking to them*
ag imeacht leo *going away with them*



Beimid ag fanacht leo ar ball.



Beimid ag bualadh leo ar ball.



Beimid ag caint leo ar ball.



Beimid ag súgradh leo ar ball.



Beimid ag imeacht leo ar ball.

Beimid ag caint lena mhuintir amárach.

We shall be speaking to his people tomorrow.

Beimid ag teacht níos minice sa samhradh.

We shall be coming more often in summer.

Beimid uaigneach ina diaidh.

We shall be lonely after her.

Ní bheimid rófhada anois.

We shall not be too long now.

Ní bheimid ach cúpla nóiméad eile.

We shall be only a few more minutes.

Ní bheimid ag imeacht abhaile go fóill.

We shan't be going home yet.

inár gcodladh *sleeping, asleep*
(*we*)


ár bpaidreacha *our prayers*

ná *nor*

ár gceachtanna *our lessons*

go moch *early (in the morning)*

go luath *early, soon*



TOO LATE

Seán and Máire want to go out to play but their mother thinks it is too late.

SEÁN AGUS Máire An bhfuil cead againn dul amach ag súgradh, a

Máire mhamáí? Tá ár gceachtanna déanta againn.

NÓRA Níl. Tá sé ródheireanach anois.

Máire Ach ní bheimid i bhfad, a mhamáí.

NÓRA Beimid go léir inár gcodladh go luath anocht.

SEÁN Ní maith liomsa dul a chodladh go luath, a mhamáí.

NÓRA Ná ní maith leat éirí go moch ach oiread. Beimid ag rá ár bpaidreacha ar ball.

SEÁN AND Máire *May we go out to play, mammy? We have our lessons done.*

NÓRA *No. It's too late now.*

Máire *But we won't be long, mammy.*


NÓRA *We'll all be in bed early tonight.*

SEÁN *I don't like to go to bed early, mammy.*

NÓRA *Nor do you like to get up early either. We'll be saying our prayers shortly.*

in aice *near*in aice an tí *near the house*chuireamar *we put*
chaitheamar *we threw*d'fhágamar *we left*in aice an dorais *near the door*níor chuireamar *we didn't put*
níor chaitheamar *we didn't*
*throw*níor fhágamar *we didn't leave*

Chuireamar in aice an tí iad.



Níor chuireamar in aice an dorais iad.




Chaitheamar in aice an tí iad.



Níor chaitheamar in aice an dorais iad.



D'fhágamar in aice an tí iad.



Níor fhágamar in aice an dorais iad.

D'fhágamar an rothar in aice an tí.

We left the bicycle near the house.

D'fhágamar an teach ródheir-eanach.

We left the house too late.

Chuireamar na páistí a chodladh go luath.

We put the children to bed early.


Chuireamar na páipéir ansin am lóin.

We put the papers there at lunch-time.

Níor fhágamar aon rud inár seomra.

We didn't leave anything in our room.

Níor chaitheamar an ceann deir-eanach go fóill.

*We didn't use (spend, smoke) the last one yet.*chaitheamar *we had to*dochtúir na scoile *the school*
*doctor*inár ndiaidh *after us*faoi scrúdú *under*
*examination*ní bheimidne *we will not be*
(emphatic)

LATE AGAIN

Nóra inquires why the children are late coming from school.

NÓRA Tá sibh an-deireanach inniu. Cén fáth?

SEÁN Choinnigh an múinteoir istigh sinn. Chaitheamar an scoil a ghlanadh go maith.

NÓRA Céard a bheidh ar siúl anois?

SEÁN Beidh dochtúir na scoile ag teacht amárach.

MÁIRE Agus d'fhágamar an áit go deas glan inár ndiaidh.

NÓRA Agus cén rang a bheidh faoi scrúdú aige?

SEÁN Na leanaí óga ar fad. Ní bheimidne faoi scrúdú aige ar chor ar bith.

NÓRA You're very late today. Why?

SEÁN The teacher kept us in. We had to clean the school well.

NÓRA What's going to happen now?

SEÁN The school doctor will be coming tomorrow.

MÁIRE And we left the place nice and clean after us.

NÓRA And what class will he examine?

SEÁN All the young children. We won't be examined by him at all.

daoibh *for you, to you (more than one person)*rinneamar *we did, made*fuaireamar *we got*thugamar *we gave*ní dhearnamar *we didn't do, make*ní bhfuaireamar *we didn't get*níor thugamar *we didn't give*


Rinneamar na rudaí sin daoibh cheana.



Ní dhearnamar na rudaí sin daoibh fós.



Fuaireamar na rudaí sin daoibh cheana.



Ní bhfuaireamar na rudaí sin daoibh fós.



Thugamar na rudaí sin daoibh cheana.



Níor thugamar na rudaí sin daoibh fós.

D'fhágamar cúpla milseán sa bhosca daoibh.

Chuireamar na rudaí sa charr daoibh.

Fuaireamar an ceann seo in aice an tí.

Níor fhágamar rud ar bith in aice an dorais.

Ní dhearnamar dada air.

Rinneamar ár gceachtanna fada ó shin.

*We left a few sweets in the box for you.**We put the things in the car for you.**We got this one near the house.**We didn't leave anything near the door.**We didn't do anything to him.**We did our lessons long ago.*trí *through*na páirceanna *the fields*thángamar *we came*roinnt bláthanna *some flowers*a choinneáil *to keep*

PEACE OFFERING

Seán and Máire are late coming home from school, but have brought a peace offering.

MÁIRE AGUS

SEÁN *Dia duit, a mhamáí.*NÓRA *Dia's Muire daoibh. Nach mall atá sibh inniu?*SEÁN *Thángamar abhaile trí na páirceanna, a mhamáí.*MÁIRE *Agus fuaireamar roinnt bláthanna deasa duit, féach.*NÓRA *Ba cheart daoibh teacht abhaile go díreach ón scoil.*MÁIRE *Cén fáth, a mhamáí?*NÓRA *Mar is deacair dinnéar a choinneáil te daoibh.*

MÁIRE AND

SEÁN *Good day, mammy.*NÓRA *Good day. Aren't you late today?*SEÁN *We came home through the fields, mammy.*MÁIRE *And we got some nice flowers for you, look.*NÓRA *You should come straight home from school.*MÁIRE *Why, mammy?*NÓRA *Because it's difficult to keep dinner hot for you.*

táimid *we are*nílimid *we are not*níos mó ná *bigger than*níos fearr ná *better than*níos óige ná *younger than*níos lú ná *smaller than*níos measa ná *worse than*níos sine ná *older than*iadsan *them (emphatic)*

Táimid níos mó ná iadsan.



Nílimid níos lú ná iadsan.



Táimid níos fearr ná iadsan.



Nílimid níos measa ná iadsan.



Táimid níos óige ná iadsan.



Nílimid níos sine ná iadsan.

Táimid chomh maith libhse.

Nílimid chomh dona sin, buíochas le Dia.

Táimid ag dul abhaile anois.

Nílimid ag dul siar ansin anois.

Táimid ag imeacht anois díreach.

Nílimid chomh mall sin, an bhfuil?

*We are as good as you.**We're not as bad as that, thank God.**We're going home now.**We're not going over (west) there now.**We're going off now directly.**We're not as late as that, are we?*níos deise *nicer*níos luaithe *earlier, sooner*ná mar (a bhí sibh) *than (you were)*
chonaiceamar *we saw*ar an mbealach *on the way*
chualamar *we heard*

A NEW BABY

Máire is excited at having seen O'Brien's new baby, but Seán is not impressed.

MÁIRE Nílimid mall ag an dinnéar inniu, a mhamái.

NÓRA Tá sibh níos luaithe ná mar a bhí sibh inné, cibé ar bith.

SEÁN Thángamar abhaile go díreach ón scoil.

MÁIRE Agus chonaiceamar leanbh óg Uí Bhriain ar an mbealach.

NÓRA An bhfaca, maise? An deas an leanbh é?

MÁIRE Is deas, go deimhin. Tá sé níos deise ná aon leanbh eile a chonaic mé.

SEÁN Chualamar ag gol é freisin. Is dócha go mbíonn sé dána.

MÁIRE *We're not late for dinner today, mammy.*NÓRA *You're earlier than you were yesterday, anyway.*SEÁN *We came straight home from school.*MÁIRE *And we saw O'Brien's new baby on the way.*NÓRA *Did you, now? Is it a nice baby?*MÁIRE *It is indeed. It's nicer than any baby I ever saw.*SEÁN *We heard it crying too. I suppose it is usually bold.*

trasna across

trasna an urláir across the floor

trasna an bhóthair across the road

trasna na sráide across the street


trasna na páirce across the field

trasna na habhann across the river

trasna na farraige across the sea




Bhíomar ag dul trasna an urláir.



Bhíomar ag dul trasna an bhóthair.



Bhíomar ag dul trasna na sráide.



Bhíomar ag dul trasna na páirce.



Bhíomar ag dul trasna na habhann.



Bhíomar ag dul trasna na farraige.

Rith an madra trasna na sráide inár ndiaidh.

The dog ran across the street after us.

Shiúil an fear go mall trasna an bhóthair.

The man walked slowly across the road.

Chuamar abhaile trasna na páirce.

We went home across the field.

Chonaiceamar iad ag teacht trasna na sráide.

We saw them coming across the street.

Ní bheimid i bhfad ag dul trasna go dtí an teach.

We won't be long going across to the house.

Chualamar an chaint ag teacht trasna na habhann chugainn.

We heard talk coming across the river to us.

chun to, in order to

chun an tí to the house
thugamar cuairt ar we visitedchun í a fheiceáil in order to see her
ní fhacamar we didn't see

VISITING

Cáit mentions that Nóra and Pádraig were out when she called last night.

CÁIT Ní raibh sibh sa bhaile aréir, a Nóra ?

NÓRA Ní raibh. Thugamar cuairt ar mo mháthair.

CÁIT Sea, dúirt Seán liom go ndeachaigh sibh chun í a fheiceáil.

NÓRA Ní fhacamar le tamall roimhe sin í agus chuamar trasna chun an tí aréir.

CÁIT Cén chaoi a bhfuil sí ?

NÓRA Go han-mhaith, buíochas le Dia ; níos fearr ná mar a bhí sí le fada.

CÁIT Is maith sin.

CÁIT You weren't at home last night, Nóra.

NÓRA No. We visited my mother.

CÁIT Yes, Seán told me you went to see her.

NÓRA We hadn't seen her for some time and we went across to the house last night.

CÁIT How is she ?

NÓRA Very well, thank God ; better than she was for a long time.

CÁIT That's good.

bímid *we are (usually)*ní bhímid *we are not (usually)*

ag imirt cluichí *playing games* ag imirt cártaí *playing cards*
 ag imirt peile *playing football* ag imirt camógaí *playing camogie*
 ag imirt leadóige *playing tennis* ag imirt gailf *playing golf*



Bímid ag imirt cluichí.




Bímid ag imirt cártaí.



Bímid ag imirt peile.



Bímid ag imirt camógaí.



Bímid ag imirt leadóige.



Bímid ag imirt gailf.

Bímid ag obair sa bhaile mór *We work in the town every day.*
 gach lá.
 Bímid ag caint leo go minic. *We're often talking to them.*
 Bímid níos luaithe ná sin gach *We are earlier than that every*
 lá eile. *other day.*
 Ní bhímid níos measa ná aon *We're not worse than anyone else.*
 duine eile.
 Ní bhímid in aice na háite sin *We're never near that place.*
 riamh.
 Ní bhímid inár gcodladh go *We're not asleep early any night.*
 luath aon oíche.

ionadh *wonder*

tá ionadh orm *I am surprised* sa choláiste *in the college*
 na Cásca *of Easter* an saol *life, times*

imríonn *play(s)*

EARLY HOLIDAYS

Cáit is surprised to see Tomás, a University student, home on holidays.

CÁIT Dia duit, a Thomáis. Tá ionadh orm nach bhfuil tú sa choláiste.
 TOMÁS Dia's Muire duit, a Cháit. Bímid ar ár laethanta saoire an t-am seo den bhliain.
 CÁIT Maise, céard iad na laethanta saoire atá anois ann?
 TOMÁS Laethanta saoire na Cásca. Thosaigh siad cúpla lá ó shin.
 CÁIT Is dócha go n-imríonn tú a lán cluichí sa choláiste?
 TOMÁS Bímid ag imirt peile gach Satharn. Sin é an cluiche is fearr liom.
 CÁIT Is breá an saol atá agaibh.
 CÁIT Good day, Tomás. I'm surprised you're not in the college.
 TOMÁS Good day, Cáit. We are on holidays at this time of year.
 CÁIT What holidays are on now, then?
 TOMÁS The Easter holidays. They began a couple of days ago.
 CÁIT I suppose you play a lot of games at college?
 TOMÁS We play football every Saturday. That's the game I prefer.
 CÁIT You have fine times.

cuirimid	<i>we put (usually)</i>	ní théimid	<i>we don't go</i>
ní chuirimid	<i>we do not put (usually)</i>	ní fhaighimid	<i>we don't get</i>
téimid	<i>we go</i>	ní fheicimid	<i>we don't see</i>
faighimid	<i>we get</i>		
feicimid	<i>we see</i>		



Téimid go dtí an áit sin go minic.



Ní théimid go dtí an áit sin riamh.



Feicimid an duine sin go minic.



Ní fheicimid an duine sin riamh.



Faighimid na rudaí sin go minic.



Ní fhaighimid na rudaí sin riamh.

Cuirimid ag imirt cluichí iad.
Cuirimid síos chun an tí ansin iad.
Cuirimid isteach sa teach iad gach oíche.
Ní chuirimid isteach sa gharáiste riamh é.
Ní chuirimid abhaile go róluath iad.
Ní chuirimid cótaí móra orainn riamh.

*We set them to playing games.
We send them down to the house then.
We put them into the house every night.
We never put it into the garage.
We don't send them home too early.
We never put on overcoats.*

tagaimid	<i>we come</i>	an Cháisc	<i>Easter</i>
deireadh	<i>end</i>	deireadh seachtaine	<i>week-end</i>



WELCOME HOME

Pádraig welcomes Tomás home and they have a short chat.

- PÁDRAIG Fáilte romhat, a Thomáis. Tháinig tú abhaile chugainn go luath.
TOMÁS Tagaimid abhaile ag an am seo gach bliain.
PÁDRAIG Tagann, is dócha. Ní fada go mbeidh an Cháisc ann anois, ar ndóigh.
TOMÁS Ní fada ; i gceann cúpla seachtain eile.
PÁDRAIG Is dócha go dtéann tú go dtí na cluichí peile go léir i mBaile Átha Cliath.
TOMÁS Ní théim, maise. Bímid féin ag imirt gach deireadh seachtaine, tá a fhios agat.
PÁDRAIG An mar sin é, anois ?

PÁDRAIG *You're welcome, Tomás. You came home early to us.*
TOMÁS *We come home at this time every year.*
PÁDRAIG *You do, I suppose. It won't be long until Easter now, of course.*
TOMÁS *No ; in another couple of weeks.*
PÁDRAIG *I suppose you go to all the football matches in Dublin.*
TOMÁS *I don't, then. We play ourselves every week-end, you know.*
PÁDRAIG *Is that so, now ?*

chuirfidís *they would put*
ní chuirfidís *they would not put*

áthas *joy*
misneach *courage*
fearg *anger*

brón *sorrow*
fáitíos *timidity, shyness*
éad *jealousy*



Chuirfidís áthas ar dhuine.



Chuirfidís brón ar dhuine.




Chuirfidís misneach ar dhuine.



Chuirfidís fáitíos ar dhuine.



Chuirfidís fearg ar dhuine.



Chuirfidís éad ar dhuine.

Chuirfidís fios ar an dochtúir.
Chuirfidís teachtaireacht go dtí
an teach.

They would send for the doctor.
They would send a message to the
house.

Chuirfidís scéala chugainn dá
mbeadh caoi acu.

They would send us news if they
had the means.

Ní chuirfidís litir abhaile chugam.

They wouldn't send a letter home
